

## CLÁR na nÁBHAR

<b>Bord Stiúrthóirí</b>	4
<b>Athbhreithniú an Chathaoirligh</b>	8
<b>Athbhreithniú Oibríochtaí</b>	14
<b>Foireann Bainistíochta Feidhmeannaí</b>	24
<b>Tuarascáil na Stiúrthóirí</b>	28
<b>Tuarascáil na nIníúcháirí</b>	34
<b>Cuntais</b>	38
<b>Torthaí Comparáideacha agus Graif</b>	60
<b>Gailearaí Eachtraí</b>	62
<b>Sonraí Cuideachta</b>	66



Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait



CÚRAM OSPIDÉIL  
LIGEANN PLEANANNA OSPIDÉIL VHI  
UM CHÚRAM SLÁINTE DO BHAILL AN  
CLÚDACH IS FEARR A FHEILEANN  
DÓIBH A ROGHNÚ

## BORD STIÚRTHÓIRÍ

### 1. Bernard Collins Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmeannach ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/Gnó ó Choláiste Ollscoile Chorcaí bainte amach ag an Uas. Collins. Tá an tUas. Collins ar an mbord do go leor comhlachtaí eile in Éirinn agus i Meiriceá. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003. \*

### 2. Pat Farrell MMII

Príomhfheidhmeannach, Conásc Bhaincúirí na hÉireann Ball den Phainéal Comhairleach Tionscail um Sheirbhísí Airgeadais Ball den Fhóram Rialacháin Ghnó Iar-chathaoirleach, Gluaiseacht na hEorpa, Éire.

### 3. Kevin Moynihan FCA

Príomhaí, Kevin G. Moynihan & Co. Cuntasóirí Cairte Cathaoirleach, Ionad Nuálaíochta Teicneolaíochta Chill Áirne 2003/2006 Ionadaí Craoibhe d'Institiúid Chánachais na hÉireann, Réigiún an Iardheiscirt 2005/2006 Cathaoirleach, Cumainn Tráchtála na hÉireann - Coiste Cánachais 1993/95 Cathaoirleach, Réigiún an Deiscirt ar Chumainn Tráchtála na hÉireann 1992/93, Uachtarán, Cumann Tráchtála Chill Airne 1991/93.

### 4. Joseph O'Leary FCCA

Comhpháirtí - Patrick McNamara & Associates (Corcaigh) - Iniúchóirí, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Cánach. Iar-bhall den Chomhairle Náisiúnta Damhachtainí Oideachais (NCEA) Uachtarán Réigiún na hÉireann de Chumann Cairte na gCuntasóirí Deimhniú (ACCA) 1994/95 Iar-bhall d'Fheidhmeannas Réigiún na hÉireann de Chumann Cairge na gCuntasóirí Deimhniú.

### 5. Liam Twohig B.Comm, FCA

Comhpháirtí Bainistíochta, Baker Tilly O'Hare, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Ghnó. Iar-uachtarán ar Chumann Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine - na hÉireann. Iar-bhall, Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann, Coiste Achomhairc Araíonachta. #

### 6. Humphrey Murphy

Stiúrthóir Bainistíochta, Global Stainless Ltd. Ball den Chomhlacht Rialála, Ollscoil na hÉireann Corcaigh 1997-chun dáta. Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta UCC Ball d'Údarás Aerfort Chorcaí Ball de Chumann Tráchtála Chorcaigh. \*



**7. An Banbharún Julia Neuberger**  
 DBE

Ball de na Daonlathaigh Liobrálacha, Teach na dTiarnaí Iontaobhaí, Fondúireacht na Duaise Booker Comhalta Ónórach, Coláiste Ríoga na nDochtúirí Cathaoirleach ar an gCoimisiún faoi Thodhchaí Saorálaithe Iar-Phríomhfheidhmeannach, Ciste an Rí Iar-Rabbi, Sionagóg Liobrálach Londan Theas Comhairleoir, Fondúireacht Clore Duffield Ball, Coiste Comhairleach, iontaobhaithe Ionad Sainsbury um Meabhairshláinte Ball, Grúpa Lárnach Comhlíonta Eiticiúla Unilever, Iarbhall, An Chomhairle um Thaighde Leighis.

**8. Jim Kelly**

Stiúrthóir, KBC Asset Management Cathaoirleach Fold Housing Association Ireland Comhalta, Institiúid um Bainistíocht Pinsean Iar-Phríomhfheidhmeannach, Mercer Human Resource Consulting Stiúrthóir Bunaidh, Pension & Investment Consultants Ltd. Iarchathaoirleach, Comhairle Phleanáil Scoir na hÉireann. #

**9. Christy Cooney**  
 Máistir Oideachais

Ardstiúrthóir Cúnta FÁS Stiúrthóir, Páirc an Chrócaigh Teoranta Ball, Cathaoirleach Choiste Forbartha Chluichí Náisiúnta CLG.

**10. Gillian Bowler**  
 FMII FMGT

Cathaoirleach, Budget Travel Ltd. Cathaoirleach, Fáilte Ireland Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc. Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Grafton Group Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Clear Channel Ireland Ltd. Comhalta Boird, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD. \*

**11. Patricia Ennis**  
 B.ARCH, F.R.I.A.I

Stiúrthóir Bainistíochta, Kildare Architects Ltd. #

**12. Cathal Magee**  
 BA.MGT. MSC

Stiúrthóir Bainistíochta, eircom retail ó Eanáir 2002 Comhalta, Bord Stiúrthóirí, eircom Group plc. Stiúrthóir, Iontaobhas Úinéireachta Scaireanna na bhFostaithe, ESOT, eircom Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach ar an EBS Building Society. Sular thosaigh sé le eircom, d'oibrigh Cathal leis an National Australian Banking Group sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

\* Comhalta den Choiste Íocaíochta

# Comhalta den Choiste Iníuichta

Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait





CLINICÍ VHI SWIFTCARE  
AG DEILEÁIL LE MIONGHORTUITHE  
LAISTIGH DE 1 UAIR A' CHLOIG

## ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

### Réamhrá

Bliain ab ea 2005/06 ina ndearnadh cinní tábhachtacha a imreoidh tionchar ar chruth agus ar threoir Vhi um Chúram Sláinte sna blianta atá amach romhainn. An 23 Nollaig 2005, d'fhógair an Tánaiste go raibh an cinneadh déanta aici glacadh leis an moladh ón Údarás Árachais Sláinte (HIA) gur cheart tús a chur le cothromú riosca ó 1 Eanáir 2006 ar aghaidh; go raibh faomhadh tugtha ag an Rialtas d'athruithe reachtaíochta molta chun an raon gníomhaíochtaí atá ar fáil do Vhi um Chúram Sláinte a leathnú agus; go raibh cinní déanta maidir le stádas corparáideach Vhi um Chúram Sláinte sa todhchaí.

Tá an-fháilte roimh chinneadh an Tánaiste Cothromú Riosca a bheoú le héifeacht ón 1 Eanáir 2006 agus is mór an faoiseamh é do bhaill, do lucht bainistíochta agus don fhoireann. Cinneadh dearfach é don mhargadh árachais sláinte. Tá an fhéidearthacht brabúis amhantair a dhéanamh imithe agus is féidir linn a bheith ag súil le hiomaíocht chóir chothrom i ngach earnáil agus i ngach aoisghrúpa sa mhargadh.

Ós rud é nár mheas an Rialtas, sa deich mbliana atá imithe tharainn, go raibh sé oiriúnach aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas sa timpeallacht rialála d'árachais sláinte, bhí sé do-sheachanta go ndéanfadh Vhi um Chúram Sláinte caillteanas. Mar nach raibh Cothromú Riosca ann, .i. an riachtanas go ndéanfadh gach soláthróir árachais sa mhargadh ranníocaíocht do riosca an phobail, b'éigean do Vhi um Chúram Sláinte costas iomlán rátála poiblí a mhaoiniú. In áit an costas seo a ghearradh ar bhaill, rud a chiallódh go mbeadh praghas bunaithe ar rátáil an phobail i margadh bunaithe ar rátáil an phobail séanta orthu, tá an costas maoinithe againn as brabúis reatha agus brabúis san am atá thart. Thug an córas rialála, a bhí mar údar ár gcaillteanas, an deis freisin dár n-iomaitheoirí brabúis mhóra amhantair a dhéanamh agus chinntigh sé nach mbeadh fíor-iomaíocht sa mhargadh.

I dtéarmaí Forbartha Gnó, bliain an-ráthúil ba ea 2005/06, ach i dtéarmaí airgeadais, údar díomá a bhí ann toisc gur thabhaíomar an t-easnamh a rabhtas ag súil leis mar thoradh ar an moill a bhí ann cothromú riosca a chur i gcrích. Ar an taobh dearfach den scéal, thugamar níos mó táirgí agus seirbhísí nuálaíocha agus uathúla don mhargadh, bhaineamar amach tuilleadh fáis ballraíochta inár réimsí lárnacha táirgí ospidéal agus bhrúamar síos cóimheas ár gcostas riaracháin. Tugann an tAthbhreithniú Oibríochtaí lán-anailís ar an méid atá bainte amach againn sa réimse seo.

Ba mhaith liom anois tuilleadh a rá faoi na fáthanna gur thabhaigh Vhi Cúram Sláinte caillteanas de €32.3 milliún. Ba mhaith liom freisin tuairisc chun dáta a thabhairt do bhaill ar an tsraith imeachtaí a bhí ann a raibh faomhadh Rialtais do



Chothromú Riosca mar dheireadh leo agus an mhoill atá ann faoi láthair ina fheidhmiú. Ar deireadh, ba mhaith liom tráchttaireacht a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh Vhi um Chúram Sláinte mar thoradh ar athruithe do reachtaíocht agus dár stádas corparáideach a bhfuiltear ag súil leo.

#### Easnamh Airgeadais

Don bhliain atá faoi athbhreithniú, thabhaigh Vhi um Chúram Sláinte Easnamh Oibríochta de €32.3 milliún tar éis cánach. Bhí barrachas beag de €3.3 milliún ann an bhliain roimhe sin. Tá rabhadh leanúnach tugtha ag an gCathaoirleach a bhí ann romham agus agamsa faoi na torthaí a bheidh ann d'árachas sláinte le rátáil phoiblí gan mheicníocht Cothromaithe Riosca. Seo é an staid atá ann ó tógadh isteach iomaíocht i 1996.

I Meán Fómhair 2004 bheartaigh Bord Vhi um Chúram Sláinte go raibh baill den Vhi i dteideal sochar a fháil as préimheanna atá bunaithe ar fhíor-rátáil phoiblí, cinneadh a chiallaigh go mbeadh orainn rátáil phoiblí a mhaoiniú ónár gcúlchistí go dtí go mbeadh Cothromú Riosca curtha i bhfeidhm. Chuir Bord Vhi um Chúram Sláinte an tAire Sláinte agus Leanaí ar an eolas go rabhamar ag moladh ardú préimhe de 3% ar an 1 Meán Fómhair 2004, ardú a bhí íseal i dtéarmaí coibhneasta. Rinneadh an cinneadh deacair seo ar mhaithe le hinmharthanacht an ghnó a chosaint ach le lán-eolas freisin go mbeadh cailiteanais shuntasacha mar thoradh air in éagmais aistrithe Cothromaithe Riosca. Tá na cailiteanais a rabhthas á dtuar tabhaithe anois.

Ainneoin go raibh an reachtaíocht ann ina thaobh ó 1994, ba é an toradh a bhí ar an moill i dtabhairt isteach Chothromú Riosca ná go raibh baill de Vhi um Chúram Sláinte, mar gheall ar a bproifíl aoise níos sine, ag airgeadú an chostais chun Rátáil Phoiblí a mhaoiniú ar feadh tréimhse 10 bliana trí phréimheanna a bhí níos airde ná mar ba cheart dóibh a bheith, ar mhaithe le hinmharthanacht airgeadais an ghnó a choinneáil, mar aon le cobhsaíocht an mhargaidh ina iomlán.

D'éist an Rialtas le comhairle ó na saineolaithe neamhspleácha ar coimisiúnaíodh iad chun tuairisciú ar an

gceist seo agus ghlac siad leis an dara moladh ón Údarás Árachais Sláinte gur cheart Cothromú Riosca a bheoú. Beidh éifeacht ag an scéim ón 1 Eanáir 2006. Bhí sé seo ró-dheireannach chun an cailiteanas a bhí ann sa bhliain suas go dtí 28 Feabhra 2006 a stopadh ach tabharfaidh sé deis dúinn pleanáil don todhchaí le muinín agus filleadh ar bhrabúsacht. Nuair a thabharfar isteach Cothromú Riosca, beidh deireadh leis na deiseanna atá ag ár n-iomaitheoirí úsáid a bhaint as ár gcóras rátála poiblí chun oll-bhrabúis amhantair a dhéanamh. Is cúis aiféala é, ach ceann a rabhthas ag súil leis, gur bheartaigh ceann dár n-iomaitheoirí cás cúirte a thógáil i gcúirteanna na hÉireann in aghaidh chinneadh an Rialtais. Thug siad dúshláin freisin do chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh (cinneadh a d'éascaigh an cinneadh a rinneadh in Éirinn) i gCúirt na hEorpa ar Thionscnamh. Táthar ag fanacht le breithiúnas sna cásanna seo agus mé ag scríobh.

#### Struchtúr Corparáideach

An 23 Nollaig 2005, d'fhógair an Tánaiste go raibh faomhadh iarrtha agus faighte ón Rialtas le haghaidh reachtaíochta a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go mbeidh Vhi um Chúram Sláinte ag feidhmiú de réir coinníollacha atá cosúil leo siúd atá ag soláthróirí árachais eile sa mhargadh. Tá faomhadh tugtha ag an Rialtas chun Bille a dhréachtú chun na hAchtanna Árachais Sláinte Shaorálaigh atá ann faoi láthair a leasú.

Is éard atá i gceist le príomhfhorálacha an Bhille ná:

1. Níos mó forála a dhéanamh do shaoirse tráchtála do Vhi um Chúram Sláinte i dtéarmaí a oibríochtaí margaidh;
2. Corprú Vhi um Chúram Sláinte (mar chomhlacht stát-urraithe) sa bhliain 2012, rud a chuirfidh oibleagáid orainn an leibhéal sócmhainneachta airgeadais atá riachtanach chun údarú a fháil mar chomhlacht árachais ceadúnaithe a bhaint amach roimh an dáta sin.

Maidir leis an gcéad fhoráil thuas, is éard is brí le saoirse tráchtála go héifeachtach ná:

- a. Fáil réidh leis an riachtanas an tAire Sláinte agus Leanaí a chur ar an eolas faoi arduithe préimhe atá molta;

- b. Fáil réidh leis an riachtanas faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Sláinte agus Leanáí chun táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt isteach nó chun táirgí atá ann faoi láthair a athrú;
- c. Údarás méadaithe chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar atá lasmuigh de réimse sonrach churám sláinte, agus
- d. Údarás a bhronnadh ar Vhi um Chúram Sláinte fo-chomhlachtaí a bhunú.

Tá Vhi um Chúram Sláinte ag éileamh na n-athruithe seo le roinnt blianta anuas. Má chuirtear san áireamh iad le tabhairt isteach Chothromú Riosca, cruthóidh an cinneadh seo margadh tráchtála d'árachas sláinte atá cothrom i gceart den chéad uair. Dúshlán mór atá sa cheanglas cúlchistí airgeadais a chnádadh chomh fada leis an leibhéal sócmhainneachta atá éilithe ag an rialtóir airgeadais thar thréimhse atá gearr i dtéarmaí coibhneasta. Cuspóir é a bhfuil muid tiomanta dá bhaint amach agus táimid muiníneach go dtapóimid na deiseanna atá ar fáil sa mhargadh nua seo.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara nach ndearna na cinní a d'fhógair an Tánaiste an 23 Nollaig 2005 aon tagairt d'úinéireacht Vhi um Chúram Sláinte sa todhchaí, ná nach bhfuil aon éifeacht acu air sin. Ábhar don rialtas é seo agus níl aon chomhartha faighte ag an mBord go bhfuil aon rún ann stádas Vhi um Chúram Sláinte mar ghnó nach bhfeidhmíonn ar mhaithe le brabús a dhéanamh agus atá faoi úinéireacht agus smacht an phobail a athrú.

Is é an tuiscint atá ag an mBord ar a mhandáid ná chun a bheith ag obair ar son leasa a mball chun rochtain ar chúram sláinte ar phraghasanna réasúnta a éascú.

#### **Bord agus Grúpaí Comhairleacha**

Bliain an-dúshlánach a bhí sa bhliain atá faoi athbhreithniú do Bhord Vhi um Chúram Sláinte agus ba mhaith liom m'ómós a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an mBord as ucht a dtiomantais agus a dtacaíochta móire. Ba mhaith liom fáilte a fhearadh roimh an gcomhalta Boird is nua, an tUas. Cathal Magee, a thosaigh ar a théarma oifige i Meán Fómhair 2005 ar feadh tréimhse cúig bliana. Beidh an saineolas agus an réimse leathan taithí atá ag an Uas. Magee

ina chúnamh mór dúinn agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin atá romhainn sna blianta atá ag teacht.

Dhá choiste dheonacha atá i gComhairle Chomhairleach na mBall agus an Grúpa Comhairleach Leighis a thugann comhairle chumarsáide agus shaineolach ar ábhair a imríonn tionchar an-dearfach ar ár seirbhís do bhaill. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an dá choiste as ucht a n-iarrachtaí agus a dtiomantais i rith na bliana.

#### **Ár bhFostaithe**

I rith na ndúshlán uile a bhfuil aghaidh tugtha ag Vhi um Chúram Sláinte orthu le blianta beaga anuas, ní raibh laghdú ar bith i dtiomantas agus i ndaingne ár bhfostaithe. Is cúis sástachta an díograis agus an diongbháilteacht atá léirithe ag lucht bainistíochta agus an fhoireann chun táirgí nuálaíochta agus seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur ar fáil dár mbaill. Ba mhaith liom meas agus buíochas an Bhoird Stiúrthóirí a chur ar an taifead as iarrachtaí gach fostaí.

#### **Ár mBaill**

Sa bhliain 2007 beidh Vhi um Chúram Sláinte ag ceiliúradh 50 bliain de sholáthar árachais sláinte phríobháidigh do mhuintir na hÉireann. Inniu, táimid ag clúdach páistí agus garpháistí na mball a thosaigh linn i 1957. Tá áthas orm a rá freisin go bhfuil go leor dár mbaill bhunaidh linn i gcónaí. Tá an leibhéal seo tacaíochta idir na glúnta mar chroílár i gcoincheap na rátála poiblí agus chabhraigh sé dlús a chur leis an mborradh in árachas sláinte príobháideach in Éirinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbaill as ucht a ndílseachta leanúnaí agus dearbhaím anois go mbeidh gníomhartha Vhi um Chúram Sláinte san am i láthair agus sa todhchaí bunaithe ar a riachtanais siúd.

#### **An Todhchaí**

Sa ghearrthéarma, tá ár suíomh airgeadais i mbaol. Dá fhad a thógfaidh sé íocaíochtaí aistrithe Chothromú Riosca a bheoú, is ea is mó a bheidh na cailteanais a thabhoimid. Cloifimid mar sin féin lenár gcinneadh fíorphréimh bunaithe ar Ráta Poiblí a ghearradh ar ár mbaill, agus é maoinithe ó chúlchistí.

Tá feidhmiú Cothromaithe Riosca riachtanach chun margadh atá iomaíoch i gceart a chinntiú, margadh nach dtugann údar daoine níos óige agus níos sláintiúla a earcú mar 'sméara mullaigh', agus daoine níos sine thíos leis. Cuirfidh sé ar ár gcumas ár gcúrsaí airgid a dhaingniú agus ár gcúlchistí a ath-thógáil arís go dtí leibhéal atá inglactha i dtéarmaí tráchtála. Tá inmhharthanacht fhadtéarmach Vhi um Chúram Sláinte ag brath ar thoradh an dúshláin dhlithiúil reatha atá á rith in aghaidh an Rialtais acu sin atá i gcoinne thabhairt isteach Chothromú Riosca. Bíodh is go bhfuil dóchas againn go mbeidh cinneadh na hArd-Chúirte i bhfábhar an Rialtais ar Chothromú Riosca, d'fhéadfadh an poiséas achomhairc moill míonna nó fiú blianta a chur ar an gcinneadh deireannach.

Tá réiteach phras ar an gceist chinniúnach seo tábhachtach agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin ollmhóra atá i ndán do chúram sláinte príobháideach. Is taithí uilíoch é na himpleachtaí costais a bhaineann le daonra atá ag dul in aois, forbairt drugaí nua atá éifeachtach ach costasach, níos mó nuálaíochta teicneolaíochta agus saibhreas méadaithe, agus leanfar leis seo sa todhchaí. Is é an dúshlán aonair is mó atá roimh an gcúram sláinte príobháideach in Éirinn ná an méadú ar acmhainn leapacha príobháideacha nár tharla riamh roimhe seo. Chuir an faoiseamh cánach flaithiúil fuadar faoin gcineál infheistíochta seo. D'ardaigh Vhi um Chúram Sláinte ceisteanna faoi chomh ciallmhar is atá a leithéid de dhreasachtaí cánach, go háirithe mar nach bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil aon éileamh ar leith ann ón earnáil phoiblí úsáid a bhaint as na háiseanna nua seo. Cuirfidh an costas a bhaineann le hacmhainn nua a airgeadú brú ollmhór ar ár gcuspóir chun cúram sláinte ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár mbaill ag praghasanna atá iníoctha. Táimid ag obair go dian ar fhreagra straitéiseach do na coinníollacha nua margaidh, agus muid treoraithe i gcónaí ar an gcaoi is fearr chun freastal ar riachtanais ár mball.

Táimid tiomanta freisin ról a ghlacadh i bhfeabhsú thimpeallacht an chúraim sláinte ina hiomlán sa tír. Sa chomhthéacs seo, tionscnamh tábhachtach é forbairt na gclinicí nua Vhi SwiftCare. Ní fheicimid go bhfuil cúram sláinte príobháideach i gcomórtas le cúram sláinte poiblí.

A mhalairt ar fad atá amhlaidh sa chaoi go dtugann earnáil bhríomhar chúram sláinte phríobháidigh an-chuidiú trí éileamh a tharraingt ón gcóras poiblí. Anuas air sin, tá an fhreagracht chéanna orainne is atá ar gach saoránach ár gcuid a dhéanamh chun cabhrú le córas chúram sláinte phoiblí.


Tá muinín agam go leanfaidh Vhi um Chúram Sláinte ar aghaidh de bheith ag nuálú, ag tabhairt luach ar airgid agus ag cur rochtana ar fáil ar an gcúram sláinte is fearr agus is oiriúnaí dá bhfuil ann. Leanfaimid ar aghaidh ag díriú ár n-iarrachtaí ar a bheith ag éisteacht le héilimh ár mball, agus ar shárú na n-éileamh sin.



**Bernard Collins**  
Cathaoirleach  
22 Meitheamh 2006



Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait

A woman with a backpack is walking away from the camera on a cobblestone path. To her right is a tall, textured stone wall with a lantern mounted on it. The scene is brightly lit, suggesting a sunny day. A grey text box is overlaid on the lower right portion of the image.

CÚRAM SLÁINTE AR FUD AN DOMHAIN  
CUIREANN MULTITRIP, GLOBAL, ASSIST AGUS  
GROUP BUSINESS TRAVEL Ó VHI UM CHÚRAM  
SLÁINTE AN ROGHA IS LEITHNE AR FÁIL DUIT  
CHUN A CHINNTIÚ GO BHFUIL TÚ CLÚDAITHE  
AGUS TÚ THAR LEAR

## ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ

### Réamhrá

Bliain shuntasach ba ea 2005 do Vhi um Chúram Sláinte agus do thomhaltóirí sláinte go ginearálta. I Nollaig 2005, bheoigh an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí an Scéim Cothromaithe Riosca le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Cinneadh riachtanach a bhí anseo chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh leis an gcóras rátála poiblí de chúram sláinte in Éirinn, córas a rinne an-fhreastal ar mhuintir na hÉireann le linn an leathchéid atá imithe tharainn, agus chun iomaíocht i ngach earnáil aoise den mhargadh a ghríosadh. D'fhógair an Tánaiste freisin athruithe maidir leis na gníomhaíochtaí a bheimid in ann a dhéanamh sa todhchaí agus d'fhógair sí go gcorprófaí Vhi um Chúram Sláinte sa bhliain 2012. Tá fáilte roimh na hathruithe seo, a bhí Vhi um Chúram Sláinte ag moladh le tréimhse mhaith ama, agus pléitear iad le roinnt sonraí in Athbhreithniú an Chathaoirligh.

Tá sé tugtha le fios againn le fada go dtabhódh Vhi um Chúram Sláinte cailiteanais airgid mura dtugfaí isteach Cothromú Riosca sa mhargadh árachais sláinte a bhfuil rátáil phoiblí air in Éirinn. Tá an cailiteanas de €32.3 milliún mar thoradh ar ár dtiomantas do bhaill go bhfuil siad i dteideal préimhe a bhfuil rátáil phoiblí déanta uirthi i margadh a bhfuil rátáil phoiblí déanta air. Ciallaíonn an cinneadh a rinne an Tánaiste Cothromú Riosca a bheoú le héifeacht ó 1 Eanáir 2006 go mbeidh ar gach soláthróir árachais sa mhargadh ranníocaíocht choibhneasta a dhéanamh do riosca an phobail. Éascóidh sé seo ár bhfillleadh ar bhrabúsacht. Cuirfidh sé deireadh freisin leis an bpoitéinseal atá ann brabús amhantair a dhéanamh ó fheidhmiú an chórais rialála d'árachas sláinte príobháideach agus spreagann sé iomaíocht ghníomhach i ngach earnáil den mhargadh.

Cuireann sé frustachas orainn go háirithe gur thabhaíomar cailiteanais airgid i mbliain nuair a bhí torthaí den scoth ann mar gheall ar dhianobair agus tiomantas as an ngnáth:

- Bliain eile fáis sa bhallraíocht.
- Tuilleadh laghdúithe i gcóimheas an chostais oibriúcháin.
- Táirgí agus seirbhísí nua spreagúla tugtha isteach sa mhargadh.
- Feabhsuithe suntasacha ar shochair agus seirbhísí do bhaill.
- Feabhsú ar an mbonneagar teicneolaíochta.
- 4.5 milliún teagmháil aonair le baill, trí mhodhanna éagsúla.

Bhí méadú ann freisin i méid agus i luach éilimh a híocadh le baill. Mar thoradh ar an easpa Chothromú Riosca, tá ár sciar d'íocaíochtaí éilimh sa mhargadh ard as cuimse i gcomparáid lenár sciar d'ioncam préimhe. Is é an toradh do-sheachanta air seo ná cailiteanais airgid. Éascóidh beoú Chothromú Riosca fillleadh ar an mbrabúsacht. Níor cuireadh fáiltais Chothromaithe Riosca san áireamh sna ráitis airgeadais chomh fada le 28 Feabhra 2006 mar gheall ar chaignean dlí atá tógtha ag iomaitheoir i gcoinne an Stáit ag leanúint ar chinneadh an Tánaiste.



### Ráitis Airgeadais

Feidhmíonn Vhi um Chúram Sláinte mar 'eagraíocht gan beann ar bhrabús'. Is éard is brí leis sin go héifeachtach ná go gcuirtear i gcúlchistí saora barrachas ar bith atá déanta ag deireadh na bliana airgeadais, agus úsáidtear é chun cosaint a chur ar fáil do bhaill agus déantar iad a infheistiú i sochair agus i seirbhísí feabhsaithe. I rith 2005/06 bhí easnamh oibriúcháin ag Vhi um Chúram Sláinte, agus tagraíodh do na fáthanna leis sin thuas agus cuireadh síos orthu go mion in Athbhreithniú an Chathaoirigh.

Is iad na príomhthorthaí airgeadais ná:

- Tar éis cánach, thaispeáin torthaí go raibh easnamh oibriúcháin €32.3 milliún ann i gcomparáid le barrachas anuraidh €3.3 milliún. Rinneadh buiséadú do chaillteanas €35.5 milliún.
- Bhí ardú €890.6 milliún ar chostais éilimh, ardú de níos mó ná 18% i rith na bliana agus bhí na torthaí d'ospidéal phríobháideacha, táillí proifisiúnta, áiseanna nua agus táirgí éagsúlaithe uile níos fearr ná mar a bhíodhas ag súil. Is iad na fachtóirí is mó atá ag cur brú ar chostais éilimh ná an costas a bhaineann le rochtain a thabhairt dár mbaill ar theicneolaíochtaí agus áiseanna nua, mar aon leis an ardú 25% i gcostas leapacha príobháideacha in ospidéal phríobháideacha 1 Eanáir 2005.
- Rinneadh préimh thuillte €919.6 milliún i rith na bliana, ardú 5.9% i gcomparáid le 2004/05.
- Bhí ardú €1.3m ar an gCúlchiste Neamhéagtha Riosca ó €104.2m anuraidh go €105.5m an 28 Feabhra 2006. Eascraíonn an cúlchiste seo ó chinneadh an Bhoird foráil a dhéanamh do chaillteanas a bhfuiltear ag súil leo ar chonarthaí athnuaithe, nó atá le bheith athnuaithe suas chomh fada le mí Lúnasa 2007. Tugann an cúlchiste seo le fios nár leor an t-ardú préimhe 3% ó Mheán Fómhair 2004 chun barrachas a thabhairt i 2005/06. Bheartaigh an Bord i Meán Fómhair 2004 go raibh sé mícheart i dtéarmaí tráchtála agus i dtéarmaí morálta an costas a bhaineann le maoiniú rátála poiblí don mhargadh iomlán a ghearradh ar bhaill Vhi um Chúram Sláinte.
- Bhí costais oibriúcháin €78.5 milliún ann, ardú 3.9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. I dtéarmaí ar n-ioncaim phréimhe, lean an cóimheas speansais ar aghaidh de bheith ag titim agus, le ráta 8.5%, tá Vhi um Chúram

Sláinte. ar cheann de na comhlachtaí árachais is éifeachtaí ar domhan. Ar ndóigh, thuiriscigh ár n-iomaitheoir is mó cóimheas speansais anuraidh a bhí níos mó ná 13% d'ioncam préimhe. De réir cineáil, tuairiscíonn an chuid is mó de sholáthróirí árachais sláinte ar fud an domhain cóimheasa speansais thart ar 12% nó níos airde.

### Buaicphointí Oibriúcháin don bhliain dár críoch 28 Feabhra 2006

- Ballraíocht iomlán de 1.55 milliún duine.
- €890 milliún íoctha in éilimh thar ceann ár mball, is é sin €4 milliún íoctha gach lá oibre.
- Bhí ar an meán 5,800 díolachán buntháirgí le baill nua ann in aghaidh na míosa.
- I measc na dtáirgí agus na seirbhísí nua a tugadh isteach sa mhargadh bhí: Group Business Travel, sraith phleananna fiacloireachta feabhsaithe de Vhi DeCare, agus Vhi SwiftCare Clinic – an chéad áis chúraim phráinnigh in Éirinn, atá lonnaithe i mBalally, gar d'Ionad nua Bhaile Dhún Droma, Baile Átha Cliath. Tá tuilleadh clinicí den sórt sin ar na bacáin sa toadhcháif.
- Roghnaigh 125,000 duine LifeStage Choices ó Vhi um Chúram Sláinte ón uair a seoladh é i mí Dheireadh Fómhair 2004.
- Próiseáladh 550,000 éileamh agus 1.3 milliún sonrasc dochtúra.
- 4.5 milliún teagmháil le custaiméirí.
- Feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí agus sochair lena n-áirítear: faomhadh d'áiseanna nua do bhaill ag an Ionad Cóireála Forest i gCill Mantáin; an tIonad Ard-Raideolaíochta, Baile Átha Cliath; agus Ionad Raideolaíochta Luimní.

### Ballraíocht agus Díolacháin

#### Gníomhaíochtaí árachais sláinte

Bhí ardú 4.5% ar dhíolacháin le bhaill nua i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus roghnaigh 70,420 duine ceann de príomhphleananna Vhi um Chúram Sláinte chun foráil a dhéanamh dá gclúdach a bheith san ospidéal. Bhí an bhallaíocht iomlán de phríomhtháirgí (A-E, Options, B With Excess, LifeStage Choices agus Plan P) seasmhach ar an iomlán ag díreach os cionn 1.55 milliún, agus bhí an t-ioncam ó

tháirgí ospidéil 2.3% níos mó ná mar a bhí sa bhuiséad. Thosaigh níos mó ná 5,800 ball nua in aghaidh na míosa ar an meán i rith na bliana 2005/06, rud a chuir €929 milliún faoi dheireadh Feabhra 2006 le hioncam préimhe ar an iomlán.

Leanann díolacháin phleananna LifeStage Choices ag dul ó neart go neart, le 100,000 ball clúdaithe díreach dhá mhí dhéag tar éis a thabhairt isteach ag deireadh Dheireadh Fómhair 2004. Faoi dheireadh Feabhra 2006 d'ardaigh an figiúr seo go 125,000 agus tá an méid sin tóra ar na pleananna seo gur custaiméirí LifeStage beagnach 40% de dhíolacháin nua um phleananna ospidéil Vhi um Chúram Sláinte. Léiríonn ár dtaighde tomhaltóra go bhfuil os cionn 65% de dhíolacháin sa raon táirgí seo i réimse an teaghlaigh, agus tá tarraingteacht ar leith ag baint leis an tsraith táirgí Family Plan.

#### Táirgí agus Seirbhísí Eile -Nuálaíocht a Chur Chun Cinn

Ainneoin iomaíocht níos mó sa mhargadh d'árachas sláinte, leanann Vhi um Chúram Sláinte ag tabhairt ceannasaíochta don mhargadh le sciar margaidh atá measta a bheith 76%. Ceann de na príomhfháthanna go roghnaíonn gach triúr as ceathrar a bhfuil árachas acu Vhi um Chúram Sláinte ná go bhfuil sé le feiceáil gur muide an soláthróir árachais is nuálaí agus is éifeachtaí sa mhargadh.

Ciallaíonn ár straitéis éagsúlaithe go bhfuilimid ag aithint bealaí nua chun freastal ar riachtanais ár mball agus ag tabhairt nuálaíochta go dtí an margadh ar bhonn leanúnach. Is muid an chéad soláthróir sláinte in Éirinn a sholáthraíonn:

- Clár sláinte saothair agus fostaithe (Vhi Corporate Solutions).
- Árachas taistil ilturais (Multi Trip from Vhi um Chúram Sláinte).
- Árachas taistil a bhaineann le gnó (Group Business Travel).
- Na chéad phleananna árachais fiadóireachta in Éirinn, agus an t-aon cheann atá ann faoi láthair (Vhi DeCare Dental).
- Clúdach speansais leighis ó lá-go-lá (HealthSteps Gold & Silver plans).
- Clúdach sláinte dóibh siúd atá ina gcónaí thar lear (Global from Vhi um Chúram Sláinte).
- Siopa sláinte ar líne ([www.vhi.ie/healthshop](http://www.vhi.ie/healthshop)).
- An chéad áis chúraim phráinnigh in Éirinn (Vhi SwiftCare Clinic).

I rith 2005/06, chuir ioncam ónár raon de tháirgí

neamhlárnacha os cionn €27.3 milliún le hioncam, figiúr atá cóibhéiseach le beagnach 3% dár n-ioncam iomlán tuillte. Táthar ag súil go n-ardóidh an leibhéal seo ioncaim go suntasach i rith na cúig bliana atá romhainn.

I Meán Fómhair 2005 sheol Vhi um Chúram Sláinte BabyTalk, líne chabhrach uathúil nua do mháithreacha atá ag iompar clainne. Cuireann BabyTalk, a bhfuil cnáimhsí mar fhoireann aige, seirbhís phearsanta ar fáil seacht lá na seachtaine do mháithreacha atá ag iompar clainne agus do mháithreacha nua le clúdach Vhi um Chúram Sláinte Core Plan, LifeStage Choices nó HealthSteps, gan aon chostas breise.

I mí Dheireadh Fómhair 2005, rinne Vhi um Chúram Sláinte athchruthú agus athfhorbairt ar a tháirge uathúil Vhi DeCare Dental tríd an bpraghas a ísliú, na sochair a mhéadú agus trí ráta lascainithe a thabhairt isteach do dhaoine a bhfuil teidlíocht PRSI/ÁSPC acu.

Seoladh Group Business Travel ó Vhi um Chúram Sláinte i Samhain 2005, polasaí árachais bliantúil do thaisteal gnó atá deartha go sonrach do chomhlachtaí a bhfuil a bhfostaithe gafa go minic le taisteal a bhaineann lena ngnó. Tá an chuma ar an scéal go mbeidh éifeacht réabhlóideach ag Group Business Travel ar an margadh, ag tabhairt deise do chomhlachtaí suas go 47% a shábháil ar chostas reatha a n-árachais taistil ghnó.

I mí na Samhna freisin, osclaíodh an chéad áis chúraim phráinnigh siúl isteach in Éirinn, Vhi SwiftCare Clinic atá lonnaithe i mBalally, gar d'Ionad Bhaile Dhún Droma i mBaile Átha Cliath. Tá ré nua fógraithe ag an gclinic nua-aimseartha seo den chéad scoth i soláthar chúram sláinte sciobtha, éifeachtach do thomhaltóirí na hÉireann a bhfuil cóir leighis ag teastáil uathu do mhionghortuithe nó do thinnis a thagann aniar aduaidh orthu agus nach bhfuil baol báis i gceist leo. Tá an-rath ar an tionscnamh cheana, agus tá níos mó ná 300 duine ag fáil cóir leighis sa Chlinic gach seachtain. Tá an dara Clinic le hoscailt go gairid in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath. Tá pleananna ann do níos mó áiseanna sa todhchaí.

Ag deireadh Feabhra 2006 bhí thart ar 220,000 ball



clúdaithe ag ár dtáirge árachas taistil Multi Trip, a bhfuil sciar measta 35% den mhargadh árachas taistil ilturais in Éirinn anois aige. Tá rath an táirge seo ag brath go mór ar a phraghas íseal agus freisin tairgeann an méid clúdaigh atá aige an sochar uathúil cosaint a thabhairt in aghaidh práinne leighis agus soláthar clúdaigh do thinneas a eascraíonn ó riochtaí leighis a bhí ann cheana.

Idir an dá linn, chruthaigh díolacháin le baill nua dár bplean dóibh siúd atá ina gcónaí thar lear níos fearr ná mar a bhíomar ag súil agus taispeánann siad athraitheas dearfach de níos mó ná 5% thar an bhfigiúir díolacháin a bhí sa bhuiséad don bhliain. Chruthaigh ár dtáirge lá-go-lá, HealthSteps, go láidir freisin agus chuir sé breis is €8 milliún leis an iomlán d'ioncam tuillte i suibscribhinní.

I réimse na Réiteach Corparáideach, tá fás láidir ann i gcónaí, agus tá leathnú suntasach ar an mbunús de chliaint atá ann do sheirbhísí sláinte saothair a sholáthraíonn comhlachtaí seachtracha agus do chlár chúnamh fostaithe (EAPs). Tá níos mó ná 30,000 fostaí cliaint clúdaithe anois faoin tseirbhís EAP.

Gné a bhfuil an-tóir uirthi i gcónaí is ea siopa sláinte Vhi ar [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie) agus faoi láthair bíonn 1,000 custaiméir in aghaidh na míosa ag úsáid na seirbhíse seo.

### Gnó Corparáideach

Tá clúdach árachais ag an gcuid is mó de bhaill Vhi um Chúram Sláinte trí scéimeanna grúpa a bhaineann lena n-áit fostaíochta nó le grúpaí a bhfuil coibhneas acu leo. Tá breis is 8,000 scéim grúpa Vhi den chineál sin ann.

Léiríonn treochtaí le gairid go bhfuil an timpeallacht chúram sláinte d'fhostaithe ag athrú. Tá fostaithe anois ag cuartú luacha breise ina bpacáistí sochar agus tá fostóirí níos mó ar an eolas faoin ngá a bheith solúbtha agus iad ag soláthar do riachtanais chúram sláinte a bhfostaithe. Tá iachall curtha ar fhostóirí freisin foráil a dhéanamh do riachtanais sláinte saothair a bhfostaithe de bharr athruithe reachtúla.

Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta ní amháin do sholáthar seirbhísí den scoth dá chliaint chorparáideacha agus dá bhaill, ach freisin d'eispéaras feabhsaithe dá chustaiméirí a chur ar fáil. Is ag Vhi um Chúram Sláinte amháin atá an solúbthacht agus an saineolas réitigh chúram sláinte a thairiscint nach bhfuil a sárú le fáil agus ar féidir le fostóirí agus le fostaithe iad a chur in oiriúint dá riachtanais aonair. Cuireann ár gcóras athnuaite agus billeála ar ár gcumas táirgí iolracha a riaradh agus cuireann sé réitigh shimplí ar fáil chun cabhrú le haisbhaint tuarastail nó le meicníochtaí íocaíochtaí díreacha. Is féidir le fostaithe a bheith cinnte go bhfaighidh siad seirbhís iomlán ó thús go deireadh ó Vhi um Chúram Sláinte. Nílimid cosúil le soláthróirí árachais eile a fhoinsíonn ár bpróisis lárnacha allamuigh, riarann muid ár ngrúpaí féin, bíonn muid i dteagmháil lenár gcustaiméirí féin, bíonn muid i mbun idirbheartaíochta le soláthróirí (ospidéal, Comhairleoirí srl.) chun na margáí is fearr a fháil dár mbaill agus, an rud is tábhachtaí ar fad, próiseálaimid ár n-éilimh féin. Táimid bródúil as a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na ranna párolla, acmhainní daonna agus airgeadais chun an méid a bhíonn ár gcliaint ag súil uainn a sheachadadh.

### Seirbhís do Chustaiméirí

Tá cáil fhadbhunaithe ar Vhi um Chúram Sláinte as ucht ardcháilíochta, éifeachtachta agus comhbhá ina sheirbhísí do chustaiméirí. Is inniúlacht lárnach laistigh den eagraíocht ár gcumas díriú ar riachtanais ár gcustaiméirí, agus is é an príomhchuspóir atá againn ná iad a shásamh. I rith na bliana seo caite, bhí níos mó ná 4.5 milliún teagmháil againn lenár gcustaiméirí tríd an nguthán, ríomhphost, gnáthphost, láithreán gréasáin, teachtaireachtaí téacs nó trí dhaoine ag bualadh isteach chuig ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Cill Chainnigh.

Tá teagmháil le custaiméirí an-tábhachtach dúinn agus tá infheistíocht mhór déanta againn i gcórais agus i bpearsanra trínár n-ionad glaonna i gCill Chainnigh chun an leibhéal is airde seirbhíse pearsanta do chustaiméirí a sholáthar dár mbaill. Tá próiseas leanúnach feabhsaithe cáilíochta againn a dhéanann meastachán ar bhonn leanúnach ar an méid is atáimid ag réiteach fiosruithe na mball sa chéad ghlaoch, a

bhreachnaíonn ar aon saincheisteanna atá aitheanta agus a chinntíonn go bhfuilimid ag láimhseáil gearán go sciobtha agus go héifeachtach.

Tá aitheantas tugtha i gcaitheamh na mblianta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta dár gcáil mar gheall ar sheirbhísí den scoth do chustaiméirí agus anuraidh bhumar an Duais Iomlán Cáilíochta agus Foirfeachta de chuid Chumann Foirfeachta Cáilíochta na hÉireann (EIQA) agus an Duais Aitheantas Foirfeachta clúiteach.

#### Seirbhísí Sláinte do Bhaill

Braitheann Vhi um Chúram Sláinte go mór ar chomhpháirtíocht le réimse leathan soláthróirí chúram sláinte, lena n-áirítear ospidéil phoiblí agus phríobháideacha, dochtúirí, soláthróirí otharcharr, saotharlanna agus i bhfad níos mó. Bímid páirteach i bpróiseas um phlé leanúnach le soláthróirí chun aontú ar thailí le haghaidh seirbhísí agus i rith na bliana seo caite bhí comhaontú againn le 107 áis leighis, a raibh 37 acu ina n-ospidéil príobháideacha. Chuamar isteach freisin i gcomhaontú nua dhá bhliain le 99% de chomhairleoírí ospidéil chun a dtáilí a chlúdach go hiomlán. Anuas air sin, d'aontaíomar ar théarmaí le 136 teach altranais; seacht gcomhlacht otharcharr príobháideach; 28 soláthróir MRI othar cónaitheach faofa agus trí áis scanála PET/CT. Tugann na comhaontuithe seo suaimhneas intinne dár mbaill trí chosaint a thabhairt dóibh ó imní airgid agus cuireann siad ar ár gcumas tuar níos cruinne a dhéanamh ar an méid a bheimid ag íoc amach ar tháilí agus ar chostais lóistín.

Chomh maith leis an raon nua táirgí agus seirbhísí atá tugtha isteach ag an margadh, bhí go leor feabhsuithe ar shochair san áireamh le Vhi um Chúram Sláinte i rith 2005/06 lena n-áirítear:

- Faomhadh ar Ionad Cóireála Forest (Cill Mhantáin) le haghaidh cóir leighis a chur orthu siúd atá ina n-andúileacha alcóil nó drugaí, mar aon le háiseanna eis-othar CT ag an Ionad Ard-Raideolaíochta agus Clinic Charlemont i mBaile Átha Cliath agus seirbhís raidteiripe ag Ionad Radaiteiripe Luimní.
- Scananna PET/CT faofa do bhaill ag Clinic Blackrock agus an Mater Príobháideach, agus ag áiseanna Chlinic

na Gaillimhe. Cumasaíonn an scanóir seo níos mó cruinnis nuair atá ailse á aimsiú.

- Sochair nua tascaí le haghaidh aistriú othar príobháideach idir ospidéil phoiblí.
- Clúdach nua le haghaidh speisialtóirí spóirt agus luthchleasaíochta.
- Sochair mháithreachais, nuabheirthe agus péidiatracha feabhsaithe do shealbhóirí phlean Core agus LifeStage.
- Clúdach nua do shuathaireacht naíonán do bhaill de Family Plan agus Company Plan.
- Sochar nua tacaíochta ailse do bhaill an phlean lárnaigh a tharraingíonn speansais bhreise orthu féin nuair a bhíonn orthu achair fhada a thaisteal ar mhaithe le cóir leighis a fháil.
- Síneadh le sochar A&E do bhaill Phleananna LifeStage Family.

Léiríonn ár dtaighde leanúnach ar shástacht othair go bhfuil ard-leibhéil sástachta ann i measc ball i dtaobh réimsí lárnacha cúraim cosúil le lóistín, cúram leighis agus altranais, leibhéil ghinearálta compoird agus láimhseáil éifeachtach éileamh. Tá feabhas leanúnach ann go háirithe i gcás rochtana do bhaill a mbíonn máinliacht lae ag teastáil uathu le níos mó ná trí cheathrú de bhaill admhaithe laistigh de cheithre seachtaine ón atreorú.

Tá éilimh chúram lae ar beagnach 67% de na héilimh ina iomlán atá íoctha ag Vhi um Chúram Sláinte agus is suaitheantas é seo ar an treo dhomhanda i dtreo chúram lae a sholáthar mar an rogha is fearr ó pheirspictíocht an othair (i dtéarmaí compoird), agus an tsoláthróra/an tsoláthróra árachais – mar an bealach is fearr ó thaobh leighis agus ó thaobh airgid le freastal ar riachtanais chúram sláinte.

Don tréimhse a bhfuil athbhreithniú á déanamh uirthi, d'íoc Vhi um Chúram Sláinte amach os cionn €890 milliún i sochair éilimh thar ceann ball, atá cóibhéiseach le beagnach €4 milliún gach lá oibre. Ardú de níos mó ná 18% ba ea é seo ar an tsuim a híocadh amach an bhliain roimhe sin agus sáraíonn sé go héasca an méid a d'íoc aon soláthróir árachais eile in Éirinn amach ar éilimh. Táthar ag súil go mbeidh íocaíochtaí bliantúla chúram sláinte Vhi um Chúram Sláinte os cionn €1 billiún roimh deireadh 2007.

Tá tionchar lárnach ag feabhsuithe leanúnacha ar ár modh measúnaithe éilimh ar bhainistíocht éifeachtach an chiste. I rith

na bliana seo caite, chuir Vhi um Chúram Sláinte i bhfeidhm go rathúil an chéad chéim de chóras nua éilimh atá deartha chun tacú le próiseáil éileamh i dtimpeallacht táirgí iolracha. Le breis is 650,000 idirbheart go bliantúil, is é an tairbhe atá i ndiaidh éirí as an gcéim sruth-oibre uathobritheach ná:

- Díbirt páipéir ón bpróiseas éilimh inmheánach – thart ar 3.5 milliún bileog.
- Díbirt tuairiscithe le láimh ar leibhéil seirbhíse agus ar phatrúin aighneachtaí.
- Seirbhís níos fearr do chustaiméirí de bharr cuntasachta agus inriantachta éilimh.
- Leibhéil seirbhíse feabhsaithe do bhaill agus do sholáthróirí.
- Rialuithe iniúchta níos éifeachtaí.

I Meitheamh 2005 bunaíodh Aonad Imscrúdaithe Éilimh Speisialta (SIU) chun imscrúdú a dhéanamh ar aon aimhrialtacht atá aitheanta ag baill in íocaíochtaí atá déanta thar a gceann. Tugtar spreagadh gníomhach do bhaill a ráiteas éilimh a ghrinnscrúdú agus teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Imscrúdaithe Éilimh Speisialta má tá aon neamhréiteach sa sochar a íocadh. Cuirtear gach fiosrú a fhaigheann Vhi um Chúram Sláinte faoi bhráid an Aonaid, déantar mion-imscrúdú air, agus cuirtear an ball ar an eolas faoin toradh ansin. Más rud é go ndearnadh éileamh mícheart, lorgóimid an t-airgead ar ais ón soláthróir atá i gceist. Tá airdeall ár mball mar sheiceáil bhreise rí-thábhachtach ar na híocaíochtaí a dhéantar ar a son agus is é an bealach é chun a chinntiú go gcoinnítear cúram sláinte ar phraghas réasúnta. Ó bunaíodh é, cuireadh 922 cás faoi bhráid an aonaid nua seo agus tá figiúr iomlán €177,000 faighte ar ais.

### Roinn na Teicneolaíochta

Lean Vhi um Chúram Sláinte ar aghaidh de bheith ag déanamh infheistíochta móire i bhfeabhas leanúnach a gcórais teicneolaíochta faisnéise mar bhealach chun éifeachtacht a mhéadú agus taithí an chustaiméara a fheabhsú. Táimid ag obair faoi láthair ar fheidhmiú chóras sruth-oibre atá go hiomlán uathobríoch go dtí gach ospidéal chun éifeachtaí riaracháin feabhsaithe a chinntiú. I measc na dtionscadal eile a bhfuilimid ag obair orthu faoi láthair, tá cárta ballraíochta nuálaíoch agus forbairt freisin ar chóras féin-seirbhíse. Tabharfaidh an córas féin-seirbhíse deis do bhaill aonair agus

do riarthóirí ghrúpaí corparáideacha a sonraí árachas sláinte a fheiceáil i bhfíor-am agus tabharfaidh sé cead d'fhostaithe a riachtanais chúram sláinte a láimhseáil ar líne óna ndeascanna. Táthar ag súil go mbeidh na córais seo réidh go luath an bhliain seo chugainn.

### Forbairt Acmhainní Daonna agus Áiseanna

Fostaíonn Vhi um Chúram Sláinte 859 duine (nó 782 duine dtéarmaí ama iomláin chóibhéisigh) atá scaipthe thar sé shuíomh ar fud na hÉireann. Tá níos mó ná dhá thrian dár bhfostaithe idir 18 agus 40 bliain d'aois agus tá ráta coinneála foirne againn de níos mó ná 95%.

Ceann de na príomhluachanna atá ag Vhi um Chúram Sláinte ná gur 'daoine an tsócmhainn is mó dá bhfuil againn'. Creidimid go bhfuil infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt ár bhfoirne rí-thábhachtach dár rath mar ghnó san fhadtéarma agus tá ról lárnach aici ó thaobh príomhfhostaithe a choinneáil. Faoi láthair tá 17 fostaí againn atá i mbun staidéir le haghaidh cáilíochtaí i mBainistíocht Tionscnaimh tríd an mBord Scrúdaithe Córais Faisnéise (ISEB) agus tá clár uathúil forbartha inniúlachta do dhíolachán comhairleach forbartha againn le Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI) agus é mar aidhm aige tuiscint níos fearr a thabhairt dár mBainisteoirí Cuntas Corparáideach ar riachtanais straitéiseacha ár gcliant.

### Forbairt Branda

Is é an moladh 'Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait' an chumhacht tiomána taobh thiar dár ngnó. I rith 2005/06 dhírigh ár ngníomhaíochtaí feasachta branda agus ár gcumarsáidí margaiochta ar théamaí a chuir folláine agus slíte beatha sláintiúla chun cinn chun tacú leis an moladh seo agus ina measc bhí:

- Táirgí agus seirbhísí nua: seoladh líon mór táirgí nuálaíochta anuraidh chun freastal ar riachtanais a d'aithin ár mbaill. Áirítear leo seo Group Business Travel, agus an Clinic uathúil Vhi SwiftCare.
- Fógraíocht: dhírigh ár bhfeachtais fógraíochta ar shochair Phleananna LifeStage Choices agus HealthSteps – de shíor ag treisiú na teachtaireachta "Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait."

- Cumarsáidí díreacha do bhaill: Eisíodh os cionn 270,000 ciorclán réamh-athnuachana do bhaill chun aird a tharraingt ar shochair ár bpleananna LifeStage Choices. Anuas air sin, fuair gach ball de HealthSteps vallait áisiúil chun a bhfáltais laethúla a choinneáil sula ndéanfaidh siad éileamh. Forbraíodh litríocht nua do bhaill ag tabhairt comhairle praiticiúla ar ar cheart don duine a bheith ag súil leis agus é nó í ag dul isteach san ospidéal, ag ullmhú le leanbh a thabhairt ar an saol nó ag pleanáil do pháiste atá ag dul isteach san ospidéal.
- Urraíochtaí: Tá Vhi um Chúram Sláinte ag dul i gcomhpháirt leis an CLG ar feadh na trí bliana seo chugainn chun na Campaí Cúl Vhi a reáchtáil, campaí samhraidh a sholáthróidh oiliúint in iománaíocht, camógaíocht agus peil Ghaelach do thart ar 80,000 páiste gach bliain. Rinne Vhi um Chúram Sláinte urraíocht i Meán Fómhair 2005 ar an tsraith Health Squad de chuid RTÉ a hAon, a raibh an-tóir air, a chaith súil ar shaincheisteanna sláinte atá i mbéal an phobail cosúil le haiste bia, ailse brollaigh, fiobrós chisteach agus an sos míostraithe. I measc na n-urraíochtaí sláinte agus aclaíochta eile bhí Vhi Dance Blitz 2005, clár 'Fit for Fun' na Mumhan leis an IRFU, agus ar deireadh mion-mharatóin na mBan Galway Bay 10 agus an Evening Echo.
- Gníomhaíocht Ar líne: I Nollaig 2005, ainmníodh [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie) mar an Tairseach Is Fearr Ar Líne ag Gradaim chluíteacha Golden Spider. In Eanáir 2006 sheolamar an tionscadal "Turn Your Life Around" ar [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie), inar fhorbair ceathrar dár saineolaithe ar líne cláir phearsanta sé seachtaine do thriúr dár gcuairteoirí láithreán gréasáin, ina raibh comhairle ar aclaíocht, aiste bia, bainistíocht struis agus oiliúint don saol. Gineadh spéis fhorleathan dá bharr seo agus déanfar arís é an bhliain seo chugainn.

### Freagracht Shóisialta

Tá tábhacht ar leith do Vhi um Chúram Sláinte a chinntiú go gcabhraíonn ár n-oibríochtaí gnó le tionchar dearfach ar an gcomhshaoil agus mar sin tá roinnt gníomhaíochtaí ar siúl chun é seo a chinntiú. Déanann Vhi um Chúram Sláinte athchúrsáil ar a pháipéar dramhaíola, gloine, cannaí dí, cartúis phriontála, cadhnairí ídithe, trealamh nach bhfuil úsáid aige dó níos mó. Tá córas bunaithe againn freisin

inár féidir fóin sho-ghluaiste nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh a bhronnadh ar Fhondúireacht Jack & Jill – carthannacht cláraithe a bunaíodh chun cabhrú le páistí óga a bhfuil míchumais néareolaíochta acu. Is fiú €8 gach fón so-ghluaiste don charthannacht seo, agus i ndiaidh athchóirithe, seoltar na fóin seo chuig tíortha ina bhfuil rochtain íseal ar áiseanna cumarsáide.

I rith na bliana 2005/06 chruinnigh fostaithe de chuid Vhi um Chúram Sláinte €15,552 san iomlán trí aisbhaint dheonach tuarastail, le dáileadh ar bheagnach 30 carthannacht cláraithe éagsúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, rinne Vhi um Chúram Sláinte bronntanas carthannachta corparáidigh €50,000 d'Fhondúireacht Leighis agus Taighde na bPáistí in Ospidéal Mhuire do Pháistí Breoite i gCroimghlinn, Baile Átha Cliath. Úsáidfear an t-airgead seo chun síneadh a chur le Roinn na hOptalmaíochta ag an ospidéal.

I Meitheamh 2005, chríochnaigh foireann de chúigear fostaithe de chuid Vhi um Chúram Sláinte go rathúil Dúshlán na gCeithre Beann de chuid Focus Ireland. Bhí dhá thiománaí mar thaca acu, agus chríochnaigh an fhoireann sa 9ú áit as 67 foireann agus bhailigh siad €10,000 sa phróiseas do Focus Ireland.

Mí ina dhiaidh sin, rinne ceithre fhoireann siúlóirí Vhi um Chúram Sláinte ionadaíocht ar Éirinn sa Dúshlán 100Km Trailwalker. De bharr urraíocht fhlaithiúil fhostaithe Vhi, cliaint chorparáideacha agus comhpháirtithe gnó, bhailigh an fhoireann €22,970 chun tacú le hobair Oxfam.

Le roinnt blianta anois, tá Vhi um Chúram Sláinte ag tacú le pobail tríd an mbaint atá aige le cláir Junior Achievement / Young Enterprise ina dtíolacann fostaithe an Vhi a n-am saor agus a saineolas chun cúnamh a thabhairt do dhaltáí bunscoile agus meánscoile a scileanna sonracha féin a aithint agus chun oiliúint a thabhairt do dhaoine óga i raon leathan réimsí.

### Forbhreathnú - Na Dúshláin atá Romhainn

Tá muintín agam go leanfaidh Vhi um Chúram Sláinte ag tabhairt ceannasaíochta i margadh árachas sláinte na hÉireann sa bhliain atá amach romhainn. Tá an muintín seo bunaithe ar cheangaltas agus ar thiomantas ár bhfostaithe, éagsúlacht na dtáirgí atá á dtairiscint againn, foirfeacht ár seirbhísí do chustaiméirí, agus dílseacht ár 1.55 milliún ball.

Beidh toradh na caingne dlí atá ann faoi láthair i gcoinne chinneadh an Rialtais Cothromú Riosca a thabhairt isteach thar a bheith tábhachtach dár gcobhsaíocht airgeadais ar bhonn leanúnach, mar atá sé do thodhchaí árachas sláinte a bhfuil rátáil phoiblí air in Éirinn.

Tá roinnt dúshlán mór romhainn agus muid ag leanúint leis an obair chúram sláinte d'ardchaighdeán ar phraghas réasúnta a chur ar fáil in Éirinn. Áirítear leo seo:

- Na brúnna costais domhanda atá ag imirt tionchair ar chúram sláinte, mar shampla, daonra atá ag dul in aois, drugaí nua costasacha, nuálaíocht teicneolaíochta atá spreagúil ach costasach, roinnt torthaí an tsuibhris nach bhfuil inmhianaithe cosúil le raimhre srl.
- An méadú gan réamhshampla in acmhainn ospidéal príobháideach in Éirinn, a bhfuil ugach tugtha dó de bharr faoisimh cánach flaithiúla. Tá an acmhainn nua seo i bhfad níos mó ná sin atá ag teastáil ar an taobh príobháideach agus níl aon fhianaise ann go bhfuil aon aistriú suntasach d'éileamh poiblí go dtí na háiseanna seo. Tá Vhi um Chúram Sláinte ag argóint go seasta i gcoinne na scéime faoisimh cánach seo.
- Beidh dúshlán agus deiseanna nua bríomhara mar thoradh ar mhéadú ár gcumhachtaí chun bunús ár n-oibríochtaí a leathnú.
- Leagann an t-athrú don struchtúr corparáideach sa bhliain 2012 síos dúshlán mhóra airgeadais ó thaobh na leibhéal sócmhainneachta a bheidh ag teastáil roimh an dáta sin a chomhlíonadh. Bhí uainn corprú níos luaithe ach tógfaidh sé am an t-easnamh inár gcúlchistí airgeadais, a tharla mar gheall ar an easpa Cothromaithe Riosca, a chur ina cheart.

Tugaimid aghaidh ar na dúshláin seo le muintín toisc go bhfuil soiléireacht iomlán againn maidir lenár misean. Is éard atá ann, go simplí, ná oibriú le chéile chun freastal a dhéanamh ar ár mbaill. Is gnó gan beann ar bhrabús é Vhi um Chúram Sláinte. Ní theastaíonn an bhunchúis bhrabúis uainn chun éifeachtacht, táirgiúlacht agus nuálaíocht a bhrú chun cinn. Thug an t-éiteas seirbhíse do bhaill, atá ann go smior, spreagadh i bhfad níos mó d'fhoireann Vhi um Chúram Sláinte i rith an leathchéid atá imithe tharainn.



**Vincent Sheridan**  
Príomhfheidhmeannach  
22 Meitheamh 2006



Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait



CÚRAM Ó LÁ GO LÁ  
TUGANN HEALTHSTEPS €30 CLÚDACH  
DO GACH CUAIRT AR DHOCHTÚIR  
TEAGHLAIGH, FIACLÓIR NÓ  
LIA-CHLEACHTÓIR



## FOIREANN BAINISTÍOCHTA FHEIDHMEANNAÍ



**1. Vincent Sheridan**  
BComm. FCA,  
Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Vincent Sheridan le Vhi um Chúram Sláinte in Aibreán 2001, agus 28 bliain de taithí aige sa tionscal árachais. Is stiúrthóir é ar FBD Holdings Plc agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar Stocmhalartán na hÉireann ar feadh naoi mbliana go dtí Meitheamh 2004. Faoi láthair, tá sé ina leas-uachtarán ar Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus is ball comhairle é den Chonásc Idirnáisiúnta Pleananna Sláinte agus an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

**2. Michael Owens**  
Stiúrthóir – Acmhainní Daonna

Tá BA ag Michael Owens i gcaidrimh tionsclaíochta agus is Comhalta Cairte é den CIPD. Thosaigh sé le Vhi i Lúnasa 1999 agus tá os cionn 27 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna in innealtóireacht éadrom, páipéar agus priontáil, miondíol tráchtála agus árachas.

**3. An Dr Bernadette Carr**  
MD, FRCPI, MPH, LFOM:  
Stiúrthóir – Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Bernadette Carr le taithí fhairsing chliniceach agus Taighde. Tá sí ina céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus i measc a cáilíochtaí tá: Comhaltacht i UCLA 1989, Dochtúireacht i Leigheas i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 1992, Ceadúnach de Dhámh an Leighis Saothair 1991, agus Máistreacht i Sláinte Phoiblí 1994. Toghadh í ar Chomhaltacht Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn i 1996. Thosaigh Bernadette le Vhi um Chúram Sláinte i 1994 mar Stiúrthóir Leighis agus i measc na bhfreagrachtaí atá uirthi tá: caidrimh le soláthróirí, idirbheartaíochtaí conartha agus éilimh.

**4. John Creedon**  
Stiúrthóir Teicneolaíocht Faisnéise

Tá BSc i bhFeidhmchláir Ríomhaireachta ag John Creedon ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Diplóma in Anailís Chóras ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí roinnt post sinsearach aige





i Vhi um Chúram Sláinte roimh a cheapachán reatha i 1996 agus tá freagracht air as gach seirbhís i dTeicneolaíocht na Faisnéise.

**5. Tony McSweeney**  
Stiúrthóir - Gnó Indibhidiúil agus  
Corparáideach

Thosaigh Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Margaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolacháin na hÉireann, le VHI ón tionscal saoil agus pinsean i 1996. Tá freagracht air as Seirbhísí do Chustaiméirí, Riarachán Custaiméirí agus Díolacháin.

**6. William Shannon**  
BBS, FCA,  
Stiúrthóir - Airgeadas

Is céimí é William Shannon de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a bhfuair sé an BBS i 1974. Cháiligh sé mar chuntasóir cairte i 1977 le Arthur Andersen agus thosaigh sé le gnólacht mór bróicéirí árachais i 1987 mar cheannasaí airgeadais ghrúpa. Ceapadh ina dhiaidh sin é mar Stiúrthóir Airgeadais Ghrúpa i 1989. Thosaigh


sé le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais i 2002. Tá sé ina bhall de roinnt coistí in Institiúid Cuntasóirí Cairte. Tá sé ina iarChathaoirleach ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann agus ina iarUachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

**7. Declan Moran**  
Stiúrthóir Margaíochta agus Forbairt  
Ghnó

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ó 1994. Thosaigh sé le VHI i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus tá freagracht air as líne táirgí Vhi um Chúram Sláinte a leathnú, as margaí nua a fhorbairt agus saineolas achtúireachta laistigh den eagraíocht a sholáthar.



Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait



CÚRAM SOLÚBTHA  
TÁ LIFESTAGE CHOICES  
CURTHA IN OIRIÚINT CHUN  
FREASTAL AR RIACHTANAIS  
BALL AGUS A DTEAGHLACH

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 49ú Tuarascáil Bhliantúil a leagan amach de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais istigh leis an tuarascáil seo, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go forleathan in Éirinn agus tá siad ag teacht le Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1966.

### 1. Príomh-Ghníomhaíochtaí

Is corporáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais do chúram sláinte a sholáthar, arna chur i bhfeidhm ar bhunús cúnamh fhrithpháirtigh.

### 2. Torthaí

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá athbhreithniú ar an ngnó a rinneadh i rith na bliana, mar aon le tuairim an Bhoird faoi fhorbairtí dóchúla sa todhchaí le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

### 4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilítear ar na Stiúrthóirí cuntais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas cruinn cothrom ar staid reatha an Bhoird agus ar bharrachas nó ar easnamh an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na cuntais sin a n-ullmhú acu, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus cúramach.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gur gnóthas leantach atá ann, mura bhfuil sé neamhoiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta cuntasaíochta a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na cuntais de réir caighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus a chloíonn le Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1966. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil ar mhaithe le calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosaint.

## 5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail Rialachais Chorporáidigh a bhfuil cur síos orthu sa Chomhchód Rialachais Chorporáidigh. Rinne an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais athbhreithniú ar ar gComhchód Rialachais Chorporáidigh i mí Iúil 2003. Ainneoin nach comhlacht liostáilte é, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhmithe, ag tabhairt airde ar Bhunreacht Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh agus mar sin, tuairiscíonn sé thíos ar chomhlíonadh an Chóid i rith na bliana.

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord chun na forálacha atá leagtha amach in alt 1 den Chomhchód a chomhlíonadh: Prionsabail Dea-Rialachais agus an Cód Dea-Chleachtais, ach amháin i ndáil le ceapacháin agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá mar fhreagracht ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Mar gheall air sin, níl Coiste Ainmniúcháin ná Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

### Bord Stiúrthóirí

Tá rólanna an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh agus is Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha ar fad atá ar an mBord. Tá gach Stiúrthóir ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar feadh téarma oifige 5 bliana.

Tagann an Bord le chéile ocht n-uaire go bliantúil agus tá sceideal foirmeálta de nithe aige a choinnítear siar go speisialta ar mhaithe le cinntí a dhéanamh lena n-áirítear faomhadh ar an bplean straitéiseach ina iomlán, buiséid bhliantúla, tuarascáil agus cuntais bhliantúla agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha. Cuirtear paipéir bhoird chuig gach comhalta i ndóthain ama roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus seisiúin faisnéise ar fáil do gach Stiúrthóir nuair a cheaptar go dtí an Bord iad, agus bíonn tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, má theastaíonn sé. Tá nósanna imeachta curtha i dtoll a chéile ag an mBord do Stiúrthóirí chun glacadh le comhairle phroifisiúnta neamhspleách. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach Árachas Dlíteanas Stiúrthóirí ag an mBord. Tá próiseas socraithe ag an mBord chun meastachán a dhéanamh ar a fheidhmiú.

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá ann a thugann deis d'fhostaithe aird a tharraingt ar aon imní atá orthu faoi éagóir fhéideartha i dtuairisciú airgeadais nó i nithe eile. Má theastaíonn sé, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go rachfar i mbun gníomh leantach.

Tá Coiste Iniúchta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain agus déanann sé athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus ábhair chomhlíonta agus ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann comhaltaí an Choiste Iniúchta aghaidh freisin ar an tsaincheist riosca, agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta um bainistíocht riosca cuí agus protacáil tuairiscithe i bhfeidhm acu. Déanann an Coiste Iniúchta moltaí don Bhord maidir le ceapachán iniúchóirí seachtracha agus déanann sé meastachán ar a n-oibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean iniúchta seachtrach agus ar na fionnachtana ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomhrólanna agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach dtarraingítear amhras ar neamhspleáchas an iniúchta, agus áirítear leis seo monatóireacht ar nádúr agus méid na seirbhísí a sholáthraíonn na hiniúchóirí seachtracha trína n-athbhreithniú bliantúil ar na táillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtracha as seirbhísí iniúchta agus neamh-iniúchta.

Tá Coiste Íocaíochta ceaptha ag an mBord freisin, a bhfuil triúr Stiúrthóirí neamh-Fheidhmeannacha air. Tá freagracht ag an gcoiste seo as iarratasóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta shinsearach agus as polasaithe íocaíochta.

### Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí Internal Control: Guidance for Directors on the Combined Code (Treoir Turnbull), a foilsíodh i Meán Fómhair 1999.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht.

Tá freagracht as cur i bhfeidhm an chórais seo tugtha acu do lucht Bainistíochta Feidhmeanaí.

Soláthraíonn an córas rialaithe inmheánaigh cinnteacht réasúnta, ach nach bhfuil absalóideach, ar:

sócmhainní a choinneáil slán i gcoinne úsáide nó cóirithe neamh-údaraithe; agus coinneáil taifead ceart cuntasaióchta agus iontaofacht na faisnéise a thugann siad ar aird, le haghaidh úsáide inmheánaí agus le haghaidh a fhoilsithe araon.

Is iad príomhghéithe an chórais seo ná:

- Polasaithe, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta fhoirmeálta a bheith ann a thacaíonn le timpeallacht láidir rialaithe a choinneáil.
- Áirítear leis an straitéis ghnó, an phleanáil agus an próiseas buiséadach, lena n-áirítear anailís ar na mór-rioscaí gnó a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht. Próiseas leanúnach é measúnú riosca agus leagann an Bord béim shuntasach air.
- Tugtar ar aird gach mí sraith chuimsitheach de tháscairí fhaisnéis bhainistíochta agus feidhmíochta. Éascaíonn sé seo monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn in aghaidh cuspóirí fad-téarmacha agus ar bhuiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar athraitheis. Ullmhaítear buiséid mhion-sonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fad-téarmacha agus déantar iad a nuashonrú go rialta.
- Déantar nósanna imeachta cuntasaióchta a dhoiciméadú, timhriallta idirbhearta a shainmhíniú, sonraí a thabhairt faoi amchláir chuntasaióchta, rialú ar chomheadáin uathoibríocha, próisis athbhreithnithe agus réitigh a dhéanamh, dualgais a dhealú agus teorainneacha údaraithe a sheiceáil. Tá freagracht tugtha d'fhoireann a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe as gach feidhm mhór gnó.

### Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na cuntais ar bhunús an ghnóthais leantaigh agus, de réir ceanglais an Chomhchóid, tuairiscíonn na Stiúrthóirí gur shásaigh siad iad féin gur ghnóthas leantach é an Bord, bíodh is go bhfuil acmhainní leordhóthain aige chun leanúint air ag feidhmiú don todhchaí. Agus iad ag teacht ar an tuairim seo, tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar bhuiséad an Bhoird do 2006/2007 agus ar na

pleananna meán-téarmacha mar atá siad leagtha amach i straitéis chorparáideach an Bhoird. Maidir leis seo, díritear aird ar Nóta 10 de na Cuntais.

### 6. Íocaíochtaí na Stiúrthóirí

Tá leibhéil bhliantúla íocaíochta don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir socraithe ag an Rialtas ag €15,237 agus ag €10,158 faoi seach. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí aon íocaíocht eile ná níl aon aontuithe seirbhíse nó conarthaí leis na mBord.

### 7. Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar chomhlachtaí anois cur síos a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá rompu. Ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir ag forálacha dhlí na gcuideachtaí, measann na Stiúrthóirí gur rialachas maith corparáideach é a leithéid de chur síos a thabhairt.

Is iad na príomhrioscaí atá roimh an ngnó ná:

- Tá an neamhchinnteacht leanúnach faoi bheoú na Scéime Cothromaithe Riosca (féach Nóta 10 sna Cuntais agus Tuarascáil na nIníúcháirí) ina bagairt mhór don ghnó. Ghlac an Tánaiste le moltaí an Údaráis Árachas Sláinte agus d'fhógair sí beoú na Scéime Cothromaithe Riosca le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Laghdú mór sa leibhéal riosca atá anseo ach leanann an neamhchinnteacht ar aghaidh de bharr líon dúshlán dlíthiúil atá tionscnaithe ag iomaitheoir i gcoinne an chinnidh seo. Má tharlaíonn sé nach mbeofar Cothromú Riosca, tá an-chosúlacht air go dtabhóidh Vhi um Chúram Sláinte cailleanais shuntasacha sa todhchaí. Tá sé tugtha le fios ag an Tánaiste go gcorprófar Vhi um Chúram Sláinte sa bhliain 2012 agus go gcaithfidh sé a bheith in ann an rialaitheoir airgeadais a shásamh faoin dáta sin maidir leis na leibhéil sócmhainneachta a éilítear. Tá sé soiléir nach mbeidh sé seo indéanta gan foinse eile maoinithe mura mbeidh Cothromú Riosca ann.
- Riosca gaolmhar le (i) thuas ná an spleáchas le haghaidh brabúsachta ar líon an-bheag scéimeanna grúpa lárnacha a bhfuil proifíl aoise an-óg acu. Laghdóidh tabhairt isteach Cothromaithe Riosca an riosca seo go suntasach.
- Níl iomaitheoirí nua don mhargadh faoi réir ag an Scéim Cothromaithe Riosca ar feadh tréimhse 3 bliana go leith

go héifeachtach tar éis dóibh dul isteach sa mhargadh. Cruthaíonn sé seo an chontúirt don mhargadh agus do Vhi Healthcare ach go háirithe go bhféadfadh iomaitheoirí gearrthéarmacha dul isteach sa mhargadh chun sochar a bhaint ón mbearna rialála atá cruthaithe ag an lámhaltas seo.

- iv Tá teorainneacha tromchúiseacha faoi láthair curtha ar shaoirse tráchtála Vhi Healthcare a chuireann faoi mhíbhuntáiste suntasach é i gcomparáid lena iomaitheoirí, mar shampla.
- Tá gach athrú táirge/táirge nua faoi réir ag faomhadh an Aire.
  - Ní mór an tAire a chur ar an eolas faoi arduithe praghas atá molta mí amháin roimh fheidhmiú.
  - Tá na cineálacha táirgí agus seirbhísí ar féidir le Vhi Healthcare iad a thabhairt isteach sa mhargadh teoranta de réir reachta. Tá sé fógraithe ag an Tánaiste go dtionscnófar reachtaíocht go gairid chun fáil réidh leis na srianta tráchtála seo. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo deireadh leis an bhfachtóir riosca.
- v Tá brúnna ollmhóra ar chostas chúram sláinte a d'fhéadfadh an líon daoine a roghnaíonn árachas sláinte príobháideach sa mhargadh a laghdú, trí phrímheanna árachais a dhéanamh níos costasaí. Áirítear leis na brúnna costais seo:
- Méadú an-suntasach i bhfáil acmhainn leapacha príobháideacha, mar gur saintréith den mhargadh um chúram sláinte é go mbeadh borradh ar éileamh chun teacht leis an soláthar.
  - Daonra atá ag dul in aois.
  - Forbairt drugaí agus teicneolaíochtaí nua costasacha le haghaidh cóireála agus le haghaidh nósanna imeachta fáithmheasta.
  - Daoine a bheith ag súil le níos mó maidir le caighdeán agus le rochtain, mar thoradh ar shuibhreas níos mó agus níos mó eolais.
  - Boilsciú leighis ag ardú níos sciobtha ná gnáthbhoilsciú.

Baineann Vhi Healthcare úsáid as roinnt KPI ar fud a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí le féiceáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

## 8. Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997

Tá an Bord Árachas Sláinte Shaorálaigh áirithe mar cheannaitheoir liostáilte earraí agus seirbhísí sa sceideal don Acht um Mear-Íocaíocht Cuntais, 1997. Aithníonn na Stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha a chinntiú. Is é cleachtas íocaíochta an Bhoird ná a chinntiú go scaoilfear sonraisc d'earraí agus do sheribhísí atá soláthraithe don Bhord agus atá comhlánaithe i gceart agus aontaithe laistigh den tréimhse íocaíochta atá leagtha síos. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíontachta an Achta.

## 9. Leabhair Chuntais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais cuntasáíochta chuí a choinneáil. Tá na leabhair cuntais lonnaithe i bpríomhoifig an Bhoird i dTeach VHI, Sráid na Mainistreach Íochtaí, Baile Átha Cliath 1.


## 10. Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh de bheith in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird:



**Bernard Collins**  
 Cathaoirleach  
 22 Meitheamh 2006




**Liam Twohig**  
 Stiúrthóir



Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait





CÚRAM ALTRANAIS  
TÁIRGEANN NURSELINE 24/7  
ROCHTAIN DHÍREACH AR  
CHOMHAIRLE Ó ALTRA CÁILITHE  
GACH UAIR DE GACH LÁ

## TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ

### **Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Stiúrtóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don bhliain dár chríoch 28 Feabhra 2006 agus ina bhfuil an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais iomlán aitheanta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaióchta agus na nótaí gaolmhara 1 go 19. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na bpolasaithe cuntasaióchta atá leagtha amach ansin.

Déantar an tuarascáil seo do Stiúrtóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus dóibh sin amháin, de réir Alt 19 den Acht um Árachas Sláinte Shaorálaigh 1957. Thugamar faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a rá leis na Stiúrtóirí na nithe sin a n-éilítear orainn iad a rá leo i dtuarascáil iniúcháirí agus ní do chríoch ar bith eile. Don mhéid is mó atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'éinne ach amháin don Bhoird agus na Stiúrtóirí mar chomhlacht as ár n-obair iniúchta, an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángthamar orthu.

### **Freagrachtaí an Bhoird agus na Stiúrtóirí Faoi Seach**

Tá freagracht ag na Stiúrtóirí as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, mar atá leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrtóirí, ullmhú cuntas de réir dhlí infheidhmithe na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaióchta atá eisithe ag an mBord Caighdeán Cuntasaióchta agus foilsithe ag Institiúid Cunstasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaióchta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn).

Is í an fhreagracht atá orainn, mar iniúcháirí neamhspleácha, ná na cuntais a iniúchadh de réir riachtanais ábhartha dlíthiúla agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid ár dtuairim daoibh faoi an é go dtugann na cuntais léargas cruinn agus cothrom.

Déanaimid athbhreithniú ar an é go bhfuil an ráiteas rialachais chorparáidigh ionadaíoch ar chomhlíonadh an Bhoird leis na naoi bhforáil den Chód FRC 2003 a sonraíodh dár n-athbhreithniú agus tuairiscimid mura bhfuil. Ní éilítear orainn teacht ar thuairim ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird ná ar a rialuithe inmheánacha.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas má thugaimid aon mhí-ráiteas dealraitheach nó neamhréir ábhartha leis na cuntais faoi deara. Is éard atá san fhaisnéis eile ná Tuarascáil na Stiúrtóirí, a bhfuil an ráiteas rialachais chorparáidigh istigh leis,

Ráiteas an Chathaoirligh, an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí agus an tábla um Thorthaí Comparáideacha.

#### **An Bunús atá leis an Tuairim Iniúchta**

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtuithe sna cuntais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Bord agus é ag ullmhú na gcuntas, agus measúnú ar an é go bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmach agus nochtaithe go hoiriúnach.

Phleanálar agus chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach a fháil ar mhaithe le leorfhianaise a thabhairt dúinn chun go mbeimis in ann deimhniú réasúnta a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó mhí-ráiteas nithiúil, bíodh sé de bharr calaoise nó neamhréir nó botún eile. Agus muid ag teacht ar an tuairim sin, rinneamar measúnú freisin ar dhóthaineacht iomlán na faisnéise a cuireadh i láthair sna cuntais.

#### **Forálacha Eile Teicniúla - An Cúlchiste Riosca Neamhéagtha**

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim, bhreithníomar ar na nochtuithe i Nóta 10 de na cuntais a leag amach an bunús ar a bhfuil an fhoráil don riosca neamhéagtha de €105.5m bunaithe agus nádúr an ilchostais teagmhais maidir le háiseanna nua ospidéal. Bhreithníomar freisin ar na nochtuithe atá déanta maidir le inmharthanacht airgeadais an Bhoird sa chás nach mbeofar Cothromú Riosca. Ag tabhairt airde ar chomh suntasach is atá na míchinnteachtaí atá ann i bhforáil do na heasnaimh agus an chosúlacht atá ann go dtabhófar easnaimh eile shuntasacha sna blianta atá amach romhainn mura mbeofar Cothromú Riosca, agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh na míchinnteachtaí seo a imirt ar an mBord, measaimid gur cheart bhur n-aird a tharraingt ar na nithe seo. Níl maolú ar ár dtuairim maidir leis seo.


#### **Tuairim**

Dar linn, tugann na cuntais léargas cruinn agus cothrom, de réir an Chleachtais a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn, ar staid reatha an Bhoird ar an 28 Feabhra 2006 agus ar easnamh an Bhoird don bhliain a chríochnaigh ansin.

#### **Deloitte & Touche**

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
 Baile Átha Cliath  
 22 Meitheamh 2006

Táimid ann nuair atáimid ag teastáil uait



CÚRAM FOSTAITHE  
SOLÁTHRAÍONN VHI CORPORATE  
SOLUTIONS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS  
FOLLÁINE FOSTAITHE DO CHLIAINT  
CHORPARÁIDEACHA

## CUNTAIS:

# POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

### **Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaióchta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, i Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996 agus sa Ráiteas ar Chleachtas Molta do Chuntasaiócht i nGnó an Árachais (SORP) arna nglacadh ag an Association of British Insurers.

Is iad seo a leanas na príomhpholasaithe cuntasaióchta a nglactar leo:

### **Bunús Cuntasaióchta**

Ullmhaítear na cuntais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mionathrú ag an athluacháil ar infheistíochtaí.

Tá forálacha iomlán FRS 17: 'Sochair Scoir' curtha i bhfeidhm ag an mBord sa bhliain reatha le hathráiteas ar na méideanna comparáideacha.

Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprionsabal cuntasaióchta a nglactar leo go ginearálta go ndéanfar breithiúnas nuair atáthar i bun próiseas polasaithe cuntasaióchta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ard-leibhéal breithiúnais no castachta i gceist, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana nó meastacháin ina ndíol suntais do na cuntais, go príomha le forálacha d'éilimh atá le socrú fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós, agus tugtar sonraí fúthu sin sna polasaithe cuntasaióchta thíos. Tá na forálacha d'éilimh nach bhfuil socruithe fós agus do rioscaí nach bhfuil éagtha fós bunaithe ar mhodhanna achtúireachta ríomhtha atá faofa ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP.

### **Préimheanna Scríofa**

Is éard atá sna hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe atá infhála ó bhaill i ndáil le polasaithe a thosóidh sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i bpréimheanna neamhtuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain sin a bhaineann leis an téarma neamhéagtha polasaithe atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe, agus iad ríomhtha ar bhunús roinnte ama.

### **Éilimh a Tabhaíodh**

Is éard atá in éilimh a tabhaíodh ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh sa bhliain agus athruithe i bhforálacha d'éilimh atá le socrú fós, lena n-áirítear forálacha don chostas measta d'éilimh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh atá tarraingthe agus nach bhfuil tuairiscithe fós agus speansais ghaolmhara láimhseála.

### Rioscaí Neamhéagtha

Déantar foráil, bunaithe ar eolas atá ar fáil ag dáta an chláir chomhardaithe, d'aon easnaimh fhrithgheallta mheasta a bhaineann le rioscaí neamhéagtha tar éis brabach ábhartha infheistíochta a chur san áireamh. Déantar boinn tuisceana stuama a mheas ionas gur cheart go mbeadh an fhoráil leordhóthanach i gcúinsí neamhfhabhracha atá le tuar go réasúnta, féach nóta 10.

### Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir bharrachas/easnamh an Bhoird ar féidir cáin a leagan air agus a bharrachas/easnamh mar a luaitear é sna cuntais. Déantar na forálacha ag na rátaí cánach atáthar ag súil a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuil na difríochtaí ama ceaptha iompú ar ais. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go bhfuil sé dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear bunsócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas sa chaoi is go ndíscríobhtar costas na sócmhainní thar a saol úsáideach measta ar bhunús dronlíneach mar seo a leanas:

Mótar-fheithiclí	4 bliana
Trealamh agus bogábhar ríomhaireachta	4 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais shubstaintiúil a tharraingítear ar fhorbairt chórais ríomhaireachta agus a mheastar go bhfuil tairbhe eacnamaíoch don Bhord aige a mhairfidh níos mó ná bliain amháin isteach sa todhchaí, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina mbeifear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir ag uasmhéid cheithre bliana. I gcás éiginnteachta maidir lena thairbhe eacnamaíoch sa todhchaí, déantar an caiteachas a chur in aghaidh an chuntais loncaim agus Caiteachais.

### Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí in úrrúis liostáilte, lena n-áirítear infheistíochtaí i stoic rialtais agus stoic a bhfuil an rialtas mar rathóir orthu, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas margaidh ar an meán lúide ús carntha ag dáta an chláir chomhardaithe. Cinntítear gnóthachain/caillteanais réadaithe ar idirbhearta infheistíochta ar bhunús meán-chostais agus déantar iad a thaifead sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhunús luach an mhargaidh oscailte. Déanann luachóirí neamhspleácha a bhfuil cáilíochtaí proifisiúnta acu na luachálacha. Coinnítear gach áitreabh atá i seilbh an Bhoird i gcaoi mhaith go leanúnach. Mar sin, measann na stiúrthóirí go bhfuil aon dímheas i saol eacnamaíoch agus luachanna fuilleacha na bhfoirgneamh seo neamhshuntasach agus ní dhéantar foráil dó mar sin.

#### **Ioncam Infheistíochta**

Glactar leis go n-áirítear le hús ar stoic úis shocraithe agus ar thaiscí bainc ioncam a thuilltear ar bhunús lá-go-lá. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhunús díbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

#### **Sochar Infheistíochta**

Tuairiscítear torthaí oibriúcháin ar bhunús sochar infheistíochta i rith téarma níos faide. Ríomhtar an sochar infheistíochta sa téarma níos faide ar bhunús rátaí a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil agus tugann siad aitheantas don taithí stairiúil agus dó sin a bhfuil na Stiúrthóirí ag súil leis ó thaobh sochair infheistíochta. Déantar an luaineacht i sochar infheistíochta sa ghearrtéarma, atá ionann is an difríocht idir an sochar sa téarma níos faide agus an sochar féin, a chorprú nuair atáthar ag teacht ar an mbarrachas/easnamh roimh chánachas.

Tá leithdháileadh an tsochair infheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil bunaithe ar an sochar ar infheistíochtaí sa téarma níos faide atá inchurtha leis an gnó árachais.

#### **Sochair Scoir**

Déantar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus na dliteanais um phleananna sochar sainmhínithe a chinntiú trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse reatha, costas úis agus an sochar ar shócmhainní na scéime sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus cailíteanais sa ráiteas gnóthachain agus cailíteanais iomlán aitheanta. Aithnítear láithreach costas seirbhíse san am a caitheadh láithreach. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh glan ar an scéim pinsean sochar sainmhínithe, glan de cháin iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.



Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Bord sochair do roinnt dóibh siúd atá scortha maidir le clúdach árachas sláinte, nach bhfuil maoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird i ndáil leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis agus déantar é a lascainiú ag an luach reatha, le luachálacha achtúireachta á ndéanamh ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáid an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

An bhliain dar críoch Feabhra

## CUNTAS TEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

Gníomhaíochtaí Leanúnacha	Nótaí	Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
Préimh thuillte:	1		
Ollphréimheanna scríofa		961,499	896,731
Athrú san fhoráil do phréimheanna neamhthuillte		(41,935)	(28,052)
		<b>919,564</b>	868,679
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil		<b>22,901</b>	23,910
		<b>942,465</b>	892,589
Éilimh a tabhaíodh:			
Éilimh a íocadh		843,426	715,282
Athrú san fhoráil d'éilimh		47,136	37,167
		<b>890,562</b>	752,449
Forálacha teicniúla eile:			
Cúlchiste riosca neamh-éagtha	10	<b>1,317</b>	53,424
Speansais oibriúcháin glan	2	<b>78,520</b>	75,569
<b>Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachas sláinte</b>		<b>(27,934)</b>	11,147

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

An bhliain dar críoch Feabhra

### CUNTAS NEAMHTHEICNIÚIL: ÁRACHAS SLÁINTE

	Nótaí	Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Iarmhéid ar an gcuntas teicniúil árachas sláinte		<b>(27,934)</b>	11,147
Sochar Infheistíochta sa téarma níos faide	3	22,901	23,910
Sochar infheistíochta leithdháilte aistrithe go dtí an cuntas teicniúil árachas sláinte		(22,901)	(23,910)
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin		<b>(27,934)</b>	11,147
Luaineachtaí gearrthéarmacha i sochar infheistíochta	3	(4,252)	(7,351)
(Easnamh)/barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		<b>(32,186)</b>	3,796
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	4	(144)	(510)
(Easnamh)/ barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach tugtha ar aghaidh ag na cúlchistí	5	<b>(32,330)</b>	3,286

D'fhaomh an Bord na cuntais an 22 Meitheamh 2006, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



**Bernard Collins**  
Cathaoirleach



**Liam Twohig**  
Stiúrthóir

## CLÁR COMHARDAITHE

SÓCMHAINNÍ	Nótaí	Amhail an 28 Feabhra	
		Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
<b>Infheistíochtaí</b>			
Talamh agus foirgnimh	6	40,909	36,700
Infheistíochtaí airgeadais eile	7	699,965	664,287
<b>Feichiúnaithe</b>			
Feichiúnaithe ó bhaill ag teacht as oibríochtaí árachais		409,372	374,674
Feichiúnaithe eile		1,296	6,573
<b>Sócmhainní eile</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	8	18,272	16,863
Airgead sa bhanc agus ar láimh		221	7,405
<b>Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe</b>			
Ús fabhráithe		5,455	6,385
<b>Sócmhainní iomlán</b>		<b>1,175,490</b>	1,112,887


## CLÁR COMHARDAITHE

Amhail an 28 Feabhra			
DLITEANAIS	Nótaí	Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
<b>CÚLCHISTÍ</b>			
Cúlchiste ginearálta	9	220,220	255,819
<b>Forálacha teicniúla</b>			
Foráil do phrémheanna neamhtuillte		465,401	423,466
Éilimh atá le socrú fós		332,498	285,363
Forálacha teicniúla eile	10	105,533	104,215
Cáin iarchurtha	11	1,528	881
<b>Creidiúnaithe</b>			
Rótharraingt bainc		4,149	5,490
Creidiúnaithe agus fabhraithe	12	15,183	11,547
Dliteanas Sochar Scoir	19	30,978	26,106
<b>Dliteanais Iomlána</b>		<b>1,175,490</b>	<b>1,112,887</b>

D'fhaomh an Bord na cuntais an 22 Meitheamh 2006, agus tá siad sínithe thar a cheann ag:



**Bernard Collins**  
Cathaoirleach



**Liam Twohig**  
Stiúrthóir

## RÁITEAS SREABHADH AIRGID

An bhliain go deireadh Feabhra

	Nótaí	Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
Insreabhadh airgead glan ó ghníomhaíochta oibriúcháin	13	<b>32,573</b>	85,055
Aisíoc / (íocaíocht) cánach		<b>5,720</b>	(8,241)
Caiteachas caipitil		<b>(9,144)</b>	(10,916)
		<b>29,149</b>	65,898

Infheistíodh sreabhaidh airgid mar seo a leanas:

(Ísliú) / ardú i sealúchais airgid		<b>(5,843)</b>	5,179
Infheistíocht punainn glan	14 & 16	<b>34,992</b>	60,719
<b>Infheistíocht ghlan de sreabhaidh airgid</b>	15	<b>29,149</b>	65,898

## RÁITEAS GNÓTHACHÁIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

An bhliain dar críoch Feabhra

	Nótaí	Mar atá luaite in athuair	
		2006 €'000s	2005 €'000s
(Easnamh)/barrachas don bhliain airgeadais		<b>(32,330)</b>	3,286
Caillteanas achtúireachta ar an gciste pinsean	19	<b>(3,269)</b>	(2,467)
<b>(Easnamh)/ barrachas iomlán a bhaineann leis an mbliain</b>		<b>(35,599)</b>	<u>819</u>
Socrú don bhliain roimhe sin	9	<b>(26,106)</b>	
<b>Easnamh iomlán atá aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireannach</b>	<b>9</b>	<b>(61,705)</b>	

## NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

### 1. Préimh thuillte

Is é árachas sláinte gnó árachais an Bhoird go substaintiúil agus baineann préimh thuillte go príomha leis an aicme seo gnó. Tá na méideanna ó tháirgí tánaisteacha beag. Scríobhtar gach gnó i bPoblacht na hÉireann.

### 2. Speansais oibriúcháin glana

	Mar atá luaite in athuair	
	2006	2005
	€'000s	€'000s
Speansias riaracháin	60,229	59,165
Costais éadála	18,291	16,404
	<b>78,520</b>	<b>75,569</b>
	2006	2005
Is é an meán líon daoine, lena n-áirítear fostaithe páirt-aimseartha, fostaithe ag am mBord ná:	784	796
	2006	2005
Costais foirne:	€'000s	€'000s
Pá agus tuarastail	37,408	36,885
Costais slándáil shóisialaigh	3,862	3,891
Sochair scoir	5,585	4,221

Coinnítear an Príomhfheidhmeannach ar bhunús comhairleachta. Tá síneadh curtha leis an tréimhse chúig bliana bunaidh a thosaigh i mí Aibreáin 2001 ar feadh trí bliana eile chomh fada le hAibreán 2009. Ba é €395,000 (Feabhra 2005: €378,200) iomlán na dtáillí a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus a áiríodh i speansais oibriúcháin sa bhliain go dtí Feabhra 2006.



### 3. Sochar infheistíochta

#### a. Sochar infheistíochta sa téarma níos faide

Leagtar amach thíos na rátaí infheistíochta atá mar bhunús do ríomh na hinfheistíochta sa téarma níos faide.

	2006	2005
	%	%
Talamh agus foirgnimh	6.1	5.2
Scaireanna in úrrúis liostáilte	7.2	7.2
Urrúis fiacha/urrúis úis shocraithe	3.3	3.7
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	2.0	3.0

#### b. Comparáid idir an sochar infheistíochta sa téarma níos faide agus an sochar iarbhír

	2006	2005
	€'000s	€'000s
Sochar iarbhír:		
Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	105	154
Ioncam ó infheistíochtaí eile	20,547	18,423
Caillteanais ar réadú infheistíochta	(6,081)	(2,098)
Gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochta	4,914	887
Speansais bhainistíochta infheistíochta	(836)	(807)
	<b>18,649</b>	16,559
Sochar infheistíochta sa téarma níos faide	(22,901)	(23,910)
<b>Luaineachtaí gearrthéarma</b>	<b>(4,252)</b>	(7,351)

Tá aistriú de mhéid iomlán den sochar infheistíochta sa téarma níos faide déanta ón gcuntas neamhtheicniúil go dtí an cuntas teicniúil ar an mbunús go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná an leibhéal sócmhainneachta a mheastar a bheith inmhianaithe laistigh den tionscail árachas sláinte agus mar sin meastar go bhfuil na cúlchistí ina n-iomlán ag tacú leis na forálacha teicniúla.

## 4. Cánachas

	2006 €'000s	2005 €'000s
Is éard atá sa mhúirear cánachais sa chuntas ioncaim agus caiteachais ná:		
Cánachas Corparáideach -(creidmheas)/muirear	(504)	670
Cánachas iarchurtha -muirear/(creidmheas)	648	(160)
	<b>144</b>	<b>510</b>

## Fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar an (gcreidmheas)/muirear cánachais reatha don tréimhse

Ríomhtar cáin reatha don tréimhse ag ráta atá éagsúil ón ráta caighdeánach cánach corparáidí in Éirinn de 12.5% (2005: 12.5%).

Mínítear na difríochtaí thíos:

	Mar atá luaite in athuair	
	2006 €'000s	2005 €'000s
(Easnamh)/barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(32,186)	3,796
(Easnamh)/ barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí iolraithe faoin ráta caighdeánach de cháin chorparáideach de 12.5% (2005,12.5%)	(4,023)	474
<i>Éifeachtaí de</i>		
Speansais atá inbhainte chun críche cánach	(296)	(185)
Caillteanais tugtha ar aghaidh	3,722	-
Dímheas atá os cionn na liúntas caipitil don tréimhse	106	221
Mionathruithe don mhúirear cánach i ndáil le tréimhsí roimhe sin	(13)	160
<b>(Creidmheas)/muirear reatha cánach don tréimhse</b>	<b>(504)</b>	<b>670</b>

Níor tugadh aitheantas do shócmhainn cánach iarchurtha i ndáil le caillteanais cánach ar aghaidh atá thart ar €30m toisc nach féidir sruthanna brabúis sa todhchaí a thuar. Féadfar na caillteanais a thabhairt ar aghaidh gan ceapadh lae.

5. Easnamh don bhliain	2006 €'000s	2005 €'000s
Luaitear easnamh na bliana i ndiaidh na muirear seo:		
Dímheas ar bhunshócmhainní inláimsithe	7,755	8,896
Íocaíocht an Bhoird	122	107
Íocaíocht na nIníúcháirí		
Táille Iniúchta	128	124
Táillí a bhaineann leis an iniúchadh	23	17
Táillí neamhiniúchta	118	105
6. Infheistíochtaí: talamh agus foirgnimh	2006 €'000s	2005 €'000s
Luacháil:		
Amhail an 1 Márta	36,700	31,850
Breisithe	-	3,329
Diúscairtí	(20)	-
Gnóthachán ar athluacháil	4,229	1,521
<b>Amhail deireadh na bliana</b>	<b>40,909</b>	<b>36,700</b>

Tá an Bord i seilbh na talún agus na bhfoirgneamh atá áirithe thuas dá ghníomhaíochtaí féin agus is i saorsheilbh atá siad go príomha.

Rinneadh luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh an 28 Feabhra 2006 ag luach an mhargaidh oscailte. Rinne Thornton & Partners, Hamilton Osborne King, DTZ Sherry Fitzgerald agus O'Keeffe Auctioneers na luachálacha seo.

Mura ndearnadh athluacháil ar an talamh agus na foirgnimh seo, bheidís curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas atá ionann is an costas nó an glan-luach inréadaithe:

	2006 €'000s	2005 €'000s
Costas ar Oscailt	19,565	16,237
<b>Costas ar Dúnadh</b>	<b>19,545</b>	<b>19,565</b>

7. Infheistíochtaí airgeadais eile	2006 Luach Margaidh €'000s	2006 Costas €'000s	2005 Luach Margaidh €'000s	2005 Costas €'000s
Scaireanna in urrúis liostáilte	8,591	6,500	7,139	6,500
Urrúis fiacha/urrúis úis shocraithe	549,929	551,516	641,773	642,930
Infheistíochtaí eile	806	1,142	-	-
lasachtaí urraithe ag morgáistí	81	81	122	122
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	140,558	140,558	15,253	15,253
	<b>699,965</b>	<b>699,797</b>	664,287	664,805

8. Sócmhainní Inláimhsithe	Mótar fheithiclí €'000s	Fearais, troscán & feisteas €'000s	Trealamh/bogábhar ríomhaireachta & trealamh oifige €'000s	Iomlán €'000s
Costas	€'000s	€'000s	€'000s	€'000s
Amhail 1 Márta 2005	2,076	5,387	46,723	54,186
Breisiithe	399	2,781	6,094	9,274
Diúscairtí	(372)	(1,090)	(278)	(1,740)
Amhail 28 Feabhra 2006	<b>2,103</b>	<b>7,078</b>	<b>52,539</b>	<b>61,720</b>

Dímheas				
Amhail 1 Márta 2005	(1,207)	(4,323)	(31,793)	(37,323)
Muirear don bhliain	(494)	(907)	(6,354)	(7,755)
Díbrithe i ndáil le diúscairtí	262	1,089	279	1,630
Amhail 28 Feabhra 2006	<b>(1,439)</b>	<b>(4,141)</b>	<b>(37,868)</b>	<b>(43,448)</b>
Glan-luach leabhar an 28 Feabhra 2006	<b>664</b>	<b>2,937</b>	<b>14,671</b>	<b>18,272</b>
Glan-luach leabhar an 28 Feabhra 2005	869	1,064	14,930	16,863

9. Cúlchiste Ginearálta	2006 €'000s
Ag tús na bliana - mar a tuairiscíodh cheana	281,925
Mionathrú don bhliain roimhe (nóta 19)	(26,106)
Ag tús na bliana - Mar atá luaite in athuair	255,819
Easnamh iomlán aitheanta sa bhliain	(35,599)
Ag deireadh na bliana	<b>220,220</b>

Eascraíonn an mionathrú ón mbliain roimhe sin ó chur i bhfeidhm na riachtanas FRS 17: 'Sochair Scoir' lena n-áirítear aitheantas ar easnamh na scéime pinsean sochar sainmhínithe agus na hoibleagáidí nach bhfuil maoinithe chun sochair áirithe a sholáthar do roinnt dóibh siúd atá éirithe as i ndáil le clúdach árachas sláinte.

## 10. Forálacha teicniúla eile

Tá foráil €105,533,000 déanta an 28 Feabhra 2006 i ndáil le caillteanais a bhfuiltear ag súil leo ar chonarthaí a mbeidh ar an mBord iad a thionscnamh nó iad a athnuachan ag teacht as ceangaltas an Bhoird do leibhéal áirithe d'ardú praghas le héifeacht ón 1 Meán Fómhair agus arduithe a bhfuiltear ag súil leo sa chostas a bhaineann le sochair um chúram sláinte a sholáthar. Táthar ag súil go dtabhófar na caillteanais sa tréimhse idir Márta 2006 agus Lúnasa 2008. Is ionann an muirear €1,317,000 agus an t-ardú san fhoráil thar an méid €104,215,000 a bhí áirithe sa Chlár Comhardaithe an 28 Feabhra 2005.

Is mar gheall ar an timpeallacht árachas chúram sláinte a rinneadh an cinneadh an praghas a ardú.

Tá sé dearbhaithe ag achtúirí comhairleachta an Bhoird Watson Wyatt go bhfuil méid na forála ina mheastachán réasúnta ar na caillteanais seo a bhfuiltear ag súil leo.

I Nollaig 2005, bheoigh an Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí an scéim Cothromaithe Riosca le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Tá an scéim agus a beoú faoi réir ag imeachtaí dlí agus mar go bhfuil an scéim ag brath ar thoradh na n-imeachtaí seo, níor cuireadh san áireamh aon tairbhe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar bheoú na scéime nuair a bhí an fhoráil á ríomh, agus níor aithníodh méid infhaighte sa chlár comhardaithe.

Tá an Bord ar an eolas go bhfuil roinnt áiseanna nua ospidéil á bhforbairt agus go bhfuil siad beagnach réidh. Ní dhearnadh aon aontú leis na háiseanna seo chun dáta agus beidh aon aontú ag brath ar théarmaí agus coinníollacha cuí a aontú.

Sa chás go dtosaíonn áiseanna nua ospidéil ag feidhmiú agus go bhfaigheann siad faomhadh ón mBord i rith na tréimhse atá clúdaithe ag an bhforáil, meastar go bhféadfadh glan-chaiteachas sa bhreis thart ar €25m sa bhreis teacht chun cinn ag brath ar théarmaí agus ar choinníollacha an fhaofa agus ar an uair a thosóidh oibríochtaí.

Sa chás nach mbeofar an Scéim Cothromaithe Riosca, tá an-chosúlacht ar an scéal go dtabhóidh Vhi um Chúram Sláinte caillteanais shuntasacha leanúnacha sna blianta atá amach romhainn. I gcúinsí mar sin, agus má leantar ar aghaidh ag maoiniú an easpa Cothromaithe Riosca ó chúlchistí Vhi um Chúram Sláinte, thiocfadh suíomh chun cinn ina bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh an gnó inmharthanach a thuilleadh.

## 11. Cánachas Iarchurtha

Tá foráil déanta i ndáil le cánachas iarchurtha do na difríochtaí ama seo a leanas:	2006 €'000s	2005 €'000s
(Gnóthachan)/cailiteanas neamh-réadaithe ar luacháil infheistíochta	(21)	65
Gnóthachán neamh-réadaithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh	(1,507)	(946)
<b>Foráil iomlán</b>	<b>(1,528)</b>	<b>(881)</b>

## 12. Creidiúnaithe agus fabhraithe

	2006 €'000s	2005 €'000s
ÍMAC agus ASPC	-	885
Creidiúnaithe eile	3,361	1,175
Fabhraithe	11,822	9,487
	<b>15,183</b>	<b>11,547</b>

## 13. Réiteach ar (easnamh)/barrachas oibríúcháin don ghlan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin

	Mar atá luaite in athuair	
	2006 €'000s	2005 €'000s
(Easnamh)/barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(32,186)	3,796
Muirir dhímheasa	7,755	8,896
Sochair scoir	1,606	601
Gnóthacháin neamh-réadaithe ar infheistíochtaí	(4,914)	(887)
Ardú i bhforálacha teicniúla árachas sláinte	90,388	118,643
Ardú i bhfeichiúnaithe ó bhaill ag teacht as oibríochtaí árachais	(34,698)	(42,405)
Ísliú/(ardú) i bhfeichiúnaithe agus i réamhíocaíochtaí	986	(1,050)
Ardú/(íslíú) i gcreidiúnaithe agus i bhfaibhrithe	3,636	(2,539)
<b>Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin</b>	<b>32,573</b>	<b>85,055</b>

## 14. Gluaiseacht in infheistíochtaí punainn ar oscailt agus ar dúnadh

	2006 €'000s	2005 €'000s
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid don tréimhse	(5,843)	5,179
Infheistíochtaí punainn	34,992	60,719
Gluaiseacht ag teacht as sreabhaidh airgid	29,149	65,898
Athruithe i luachanna margaidh	686	(635)
Gluaiseacht iomlán sa phunann	29,835	65,263
Infheistíochtaí punainn agus airgead ar láimh ag 1 Márta	666,202	600,939
<b>Infheistíochtaí punainn agus airgead ar láimh ag 28 Feabhra</b>	<b>696,037</b>	<b>666,202</b>

15. Gluaiseacht in airgead agus in infheistíochtaí punainn	Ag 1 Márta 2005 €'000s	Sreabhadh airgid €'000s	Athruithe ar luach margaidh €'000s	Ar 28 Feabhra 2006 €'000s
Airgead sa bhanc agus ar láimh	1,915	(5,843)	-	(3,928)
Scaireanna in urrúis liostáilte	7,139	-	1,452	8,591
Urrúis fiachais agus urrúis eile ag ús socraithe	641,773	(91,414)	(430)	549,929
Infheistíochtaí eile	-	1,142	(336)	806
Íasachtaí atá urraithe ag morgáistí	122	(41)	-	81
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	15,253	125,305	-	140,558
	<b>666,202</b>	<b>29,149</b>	<b>686</b>	<b>696,037</b>

16. Anailís ar shreabhaidh airgid do na teidil a bhfuil na hiomláin sa ráiteas sreabhadh airgid	2006 €'000s	2005 €'000s
<b>Infheistíochtaí punainn</b>		
Ceannach scaireanna in urrúis liostáilte	-	3,500
Ceannach urrús ar ús socraithe	1,954,275	1,091,452
Ceannach infheistíochtaí eile	1,142	-
Ceannach taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	767,516	716,522
Díol scaireanna in urrúis liostáilte	-	-
Díol urrús ar ús socraithe	(2,045,690)	(1,039,761)
Díol taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	(642,210)	(710,950)
	<b>35,033</b>	<b>60,763</b>
Aisíocaíocht íasachtaí morgáiste	(41)	(44)
<b>Glan eis-sreabhadh airgid ar infheistíochtaí punainn</b>	<b>34,992</b>	<b>60,719</b>

17. Ceangaltas Chaipitil	2006 €'000s	2005 €'000s
Caiteachas caipitil a bhfuil conarthaí déanta ina thaobh	-	-
Caiteachas caipitil faofa ach nach bhfuil conarthaí déanta ina thaobh	10,024	-

#### 18. Nochtuithe maidir le Páirtithe Gaolmhara

Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ann a éilíonn nochtadh faoin gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 8.

### 19. Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsean sochair shainmhínithe. Coinnítear sócmhainní na scéime i gciste ar leithligh a riarann na hiontaobhaithe. Chomh maith le teidlíochtaí pinsin, soláthraíonn an Bord sochair do roinnt dóibh siúd atá éirithe as i ndáil le clúdach árachas sláinte. Cinntíonn achtúire neamhspleách cáilithe na costais agus na dliteanais a bhaineann le sochar scoir, trí úsáid a bhaint as an modh maoinithe creidmheasa aonaid a bhfuiltear ag súil leis. Ba ionann na ranníocaíochtaí don scéim agus €3,982,000 (2005: € 3,594,000) agus tá siad bunaithe ar 12.2% de phá inphinsin.

Tá na luachanna atá in úsáid sa nochtadh seo bunaithe ar na luachála achtúireachta a rinneadh le gairid ar an 28 Feabhra 2006, agus tá na méideanna curtha i bhfeidhm go hiomlán sna cuntais de réir na riachtanas FRS 17: 'Sochair Scoir'.

Tá na tuarascálacha achtúireachta ar fáil le haghaidh cigireachta ó bhaill na scéime ach ní le haghaidh cigireachta poiblí.

Is iad na boinn tuisceana atá in úsáid maidir leis an scéim pinsean ná:

	2006	2005
	%	%
Ráta ardaithe i dtuarastail	4.0	4.0
Ráta ardaithe i bpinsin atá á n-íoc	3.25	3.25
Ráta lascaine	4.50	4.90
Bonn tuisceana boilscithe	2.25	2.25

Ba iad na rátaí fad-téarmacha a bhfuiltear ag súil leo an 28 Feabhra ná:

	2006	2005
	%	%
Gnáthscaireanna	7.2	7.2
Ús socráithe	3.3	3.7
Maoin	6.1	5.2
Eile	2.0	3.0



## 19. Sochair Scoir (ar lean)

Is iad na sócmhainní sa scéim pinsean ag an luach margaidh ná:	2006 €'000s	2005 €'000s
Gnáthscaireanna	80,687	59,197
Ús socraithe	11,440	11,309
Maoin	5,467	4,641
Eile	3,645	2,847
Luach iomlán margaidh sócmhainní	101,239	77,994
Luach reatha dliteanais scéime	(127,872)	(101,273)
Easnamh sa scéim	(26,633)	(23,279)
Foráil do phréimh árachas sláinte nach bhfuil maoinithe	(8,770)	(6,557)
Glan-easnamh sochar scoir	(35,403)	(29,836)
Sócmhainn cánach iarchurtha gaolmhar	4,425	3,730
Glan-dlíteanas sochar scoir	(30,978)	(26,106)
	2006 €'000s	2005 €'000s
Cúlchistí		
Cúlchistí gan dlíteanas sochar scoir a bheith san áireamh	251,198	281,925
Dlíteanas sochar scoir	(30,978)	(26,106)
Cúlchistí i ndiaidh dlíteanas sochar scoir a chur san áireamh	220,220	255,819

19. Sochair Scoir (ar lean)	2006 €'000s	2005 €'000s
<b>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>		
<b>Curtha in aghaidh glan-speansais oibriúcháin</b>		
Costas reatha seirbhíse	(4,484)	(3,233)
Costas um éag le linn seirbhíse	(172)	(130)
Sochair scoir eile	(653)	(530)
	<b>(5,309)</b>	<b>(3,893)</b>
Ús i ndlíteanais scéime	(5,420)	(4,969)
Sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní scéime	5,144	4,641
<b>Athrú glan sa toradh oibriúcháin</b>	<b>(5,585)</b>	<b>(4,221)</b>
<b>Ráiteas ar ghnóthachain agus cailiteanais iomlána aitheanta</b>		
Sochar iarbhír lúide sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní na scéime	13,854	3,110
Gnóthachain agus cailiteanais ó thaithí ar dhlíteanais na scéime	(11,560)	2,119
Athruithe i mboinn tuisceana deimeagrafacha agus airgeadais	(6,259)	(8,138)
Cailiteanais achtúireachta	(3,965)	(2,909)
Creidmheas cánach iarchurtha	696	442
<b>Cailiteanais achtúireachta iomlán</b>	<b>(3,269)</b>	<b>(2,467)</b>
<b>Gluaiseacht sa ghlan-easnamh i rith na bliana</b>		
Glan-easnamh sa scéim ag tús na bliana	(26,106)	(23,012)
Costas seirbhíse reatha	(4,484)	(3,233)
Costas um éag le linn seirbhíse	(172)	(130)
Ranníocaíochtaí	3,982	3,594
Ús ar dhlíteanais scéime	(5,420)	(4,969)
Sochar a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní na scéime	5,144	4,641
Cailiteanais achtúireachta	(3,965)	(2,909)
Sochair scoir eile	(653)	(530)
Creidmheas cánach iarchurtha	696	442
<b>Glan-easnamh ag deireadh na bliana</b>	<b>(30,978)</b>	<b>(26,106)</b>

## 19. Sochair scoir (ar lean)

Stair gnóthachain agus caillteanais ó thaithí	2006	2005	2004	2003
Difríocht idir an sochar a bhfuiltear ag súil leis agus an sochar iarbhír ar shócmhainní	13,854	3,110	8,800	(19,900)
% de shócmhainní scéime	14%	4%	13%	(40%)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	(11,560)	2,119	(6,900)	4,500
% de dhliteanais scéime	(9%)	2%	(8%)	7%
Cailteanais achtúireachta iomlán	(3,269)	(2,909)	(8,900)	(22,000)
% de dhliteanais scéime	(3%)	(3%)	(10%)	(35%)

## TORTHAÍ COMPARÁIDEACHA AGUS GRAIF

	2002	2003	Mar atá luaite in athuair		2006
	€'000s	€'000s	2004	2005	€'000s
			€'000s	€'000s	
Préimh thuillte	596,594	687,583	802,992	868,679	<b>919,564</b>
Éilimh tabhaithe	520,502	595,169	663,324	752,449	<b>890,562</b>
Cúlchiste rioscaí neamhéagtha	15,279	19,871	15,641	53,424	<b>1,317</b>
Speansais oibriúcháin	57,782	58,095	66,322	75,569	<b>78,520</b>
Sochar infheistíochta	15,864	24,684	13,980	16,559	<b>18,649</b>
Muirear cánachais	4,189	5,308	9,379	510	<b>144</b>
<b>(Easnamh)/barrachas don bhliain</b>	<b>14,706</b>	<b>33,824</b>	<b>62,306</b>	<b>3,286</b>	<b>(32,330)</b>
<b>(Easnamh)/ barrachas /Cóimheas Ioncaim</b>	<b>2.5%</b>	<b>4.9%</b>	<b>7.8%</b>	<b>0.4%</b>	<b>(3.5%)</b>
Cúlchistí	181,907	215,732	255,026	255,819	<b>220,220</b>
Sócmhainneacht Íosmhéid	107,240	120,860	135,053	152,677	<b>175,939</b>
<b>Cóimheasa Airgeadais</b>	<b>%</b>	<b>%</b>	<b>%</b>	<b>%</b>	<b>%</b>
*Leibhéal imeallach sócmhainneachta	28.0	29.3	30.5	28.7	<b>23.2</b>
Éilimh (lena n-áirítear URR) mar % den phréimh thuillte	89.8	89.4	84.6	92.8	<b>97.0</b>
Speansais oibriúcháin mar % de phréimh thuillte	9.7	8.4	8.3	8.7	<b>8.5</b>


Ríomhtar an tsócmhainneacht íosmhéid mar a léirítear thuas de réir forálacha Rialacháin Neamh-Shaoil an AE 1976, arna leasú, rialacháin nach bhfuil iachall ar Vhi um Chúram Sláinte comhlíonadh leo.

\*Déanann an Bord iarracht leibhéal chorrach sócmhainneachta atá cóibhéseach le 40% den phréimh scríofa a bhaint amach, leibhéal a mheasann na comhlachtaí árachais tráchtála a bheith cuí.

## TORTHAÍ COMPARÁIDEACHA AGUS GRAIF


### Fás Ballraíochta: Stair 49 Bliain

Ainneoin go bhfuil iomaíocht ag dul i méid, roghnaíonn níos mó de mhuintir na hÉireann Vhi um Chúram Sláinte mar sholáthróir árachais. Tá ballraíocht os cionn 1.56 milliún anois ann.




### Meascán Éileamh

Is féidir le meán-chostas chóir leighis i suíomh chúram lae a bheith idir 10% agus 20% den chostas atá ann i suíomh othar cónaitheach. Mar sin, cinntíonn an ghluaiseacht i dtreo shuíomh chúram lae go mbeidh luach níos fearr ar phréimheanna na mball.




### Leibhéal Chorrach Sócmhainneachta

Tá sé tugtha le fios ag IFSRA go n-éilíonn siad go hiondúil go mbeadh cóimheas sócmhainneachta 40% .i. an cóimheas cúlchistí i gcomparáid le hioncam préimhe. Tá Vhi um Chúram Sláinte faoi láthair ag 23.2%, figiúr atá faoin íosmhéad atá molta ag IFSRA.




### Speansais Oibriúcháin mar % d'Ioncam Thuille

Tá Vhi um Chúram Sláinte bródúil as ceann de na cóimheasa is lú costas riaracháin in aghaidh ioncam sholáthróir árachais ar bith ar domhan. Faoi láthair, tá an cóimheas ag 8.5% i gcomparáid le meán-leibhéal domhanda 12% agus os cionn 13% do roinnt dár n-íomaitheoirí.



### Barrachas/(Easnamh) mar % de Phréimh Thuille

Bunaithe ar fhiigiúirí préimhe do 2005 agus do 2006, bheadh brabús i ndiaidh cánach €17m ag teastáil chun an céatadán sócmhainneachta i 2005 a choinneáil.



## GAILEARAÍ IMEACHTAÍ



1. Ba é traenálaí fhoireann náisiúnta rugbaí na hÉireann, Eddie O'Sullivan, an príomhchainteoir ag ócáid a d'eagraigh an Chraobh Thiar-Thuaidh 2005 d'Institiúid Chairte do Phearsanra agus Forbairt (Éire), CIPD Éire, a d'urraigh Vhi um Chúram Sláinte. Sa ghrianghraf a tógadh ag an ócáid tá Eddie O'Sullivan, Traenálaí, Foireann Náisiúnta Rugbaí na hÉireann, Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte, agus Ann Gallagher, Bainisteoir ar Chuntasafocht Chorpáraideach, Vhi um Chúram Sláinte.

2. Rinne Vhi um Chúram Sláinte. urraíocht ar Dheireadh Seachtaine Chónaitheach CIPD an Réigiúin Iartharaigh do speisialtóirí acmhainní daonna a bhí ar bun i mí Feabhra 2005 in Óstán Westport. Reachtladh trí sheimineár i gcaitheamh na deireadh seachtaine a cuireadh le chéile chun léargais a thabhairt ar ábhair nuálacha acmhainní daonna. Sa ghrianghraf a tógadh ag an ócáid bhí Barry Hill, Oifigeach Réigiúnda

Forbartha CIPD, Judith Holland, Vhi um Chúram Sláinte, Michelle Murphy, Cathlaoireach Réigiún an Iarthair CIPD, Tom Brennan, Bainisteoir Réigiúnda, Connachta, Vhi um Chúram Sláinte, agus Tom Devaney, Careerwise Recruitment.

3. Bhí Éire uile ar bís tabhairt faoi dhamhsa arís agus Blitz Damhsa Vhi 2005 faoi lánseoil i Meitheamh, Iúil agus Samhain '05. Ba é seo an tríú bliain a reachtladh an ócáid, curtha i láthair ag córagrafaí clúiteach na hÉireann, Jane Shorthall, agus ba mhó agus b'fhearr é ná bliain ar bith roimhe sin le ranganna ar bun i gCorcaigh, Cill Chainnigh, Ceatharlach, Baile Átha Cliath, Luimneach agus Gaillimh.

4. Bronnadh an gradam 'Duais Iomlán Cáilíochta agus Foirfeachta' ar Vhi um Chúram Sláinte ag na Gradaim Náisiúnta Cáilíochta agus Foirfeachta 2005. Is iad Vhi um Chúram Sláinte buaiteoirí an ghradaim "Duais Aitheantais Foirfeachta" le trí bliana anuas ach thug siad an chraobh



iomlán leo i mbliana mar aitheantas ar dhíograis leanúnach na heagraíochta i ndáil le feabhas leanúnach agus cleachtais foirfeachta gnó. Sa ghrianghraf a tógadh ag na gradaim tá Paul O’Grady, Stiúrthóir Bainistíochta, EIQA; An Tánaiste agus an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney T.D.; agus Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte.

5. Thug réaltaí rugbaí na hÉireann agus na Mumhan Alan Quinlan agus Anthony Foley a scileanna spóirt go Luimneach i mí Iúil chun seisiún ‘Fit for Fun’ IRFU/Vhi um Chúram Sláinte a reáchtáil do mhúinteoirí bunscoile a bhí ag freastal ar an gcúrsa samhraidh INTO ‘Music and Movement’ i Scoil Mhuire agus Íde, An Caisleán Nua, Luimneach. Tá an clár ‘Fit For Fun’ IRFU/Vhi um Chúram Sláinte ar bun ó Mheán Fómhair 2003, agus cuairt tugtha aige ar bhreis is céad bhunscoil ar fud na tíre, ag freastal ar bhreis is 5,000 páiste scoile san iomlán.

6. Ghlac meitheal fostaithe ó Vhi um Chúram Sláinte páirt i nDúshlán na gCeithre Beann de chuid Focus Ireland i mí Mheithimh 2005 agus bhailigh siad 10,000 euro mar thoradh ar a n-iarrachtaí. Ba é an dúshlán ná an tsiabh is airde sna ceithre chúige a dhreapadh agus d’éirigh leis an meitheal ó Vhi um Chúram Sláinte é sin a bhaint amach i 11 uair a’ chloig. Sa ghrianghraf ar bharr Charn Tuathail, Contae Chiarraí tá Jonathan Sellers, Brendan Quinn, Deirdre Byrne, Brian Collins agus Brendan O’Brien. Thug na tiománaithe Tim Danagher agus Brendan O’Connell tacaíocht agus cúnamh don mheitheal dreapadóirí chomh maith.

7. Ghlac os cionn 1,000 lúthchleasaí páirt i rith agus siúlóid 10 míle Chuan na Gaillimhe 2005 a bhí ar bun i Meán Fómhair ar mhaithe le Cancer Care West. Ba é an aidhm a bhí leis an ócáid ná 50,000 euro a bhailiú do Cancer Care West agus iarradh ar chomhlachtaí 2,000 euro a bhailiú

chun foirne a chur isteach i nDúshlán Chorparáideacha Vhi. Thug lúthchleasaíthe de gach caighdeán tacaíocht don rás, ina measc, imreoirí as foireann shinsireach iománaíochta na Gaillimhe, Ard-Mhéara na Gaillimhe, breis is 70 ball foirne ó Bhanc na hÉireann, 100 garda atá faoi oiliúint sa Teampall Mór agus foireann ó Sheirbhís Doiteáin Chathair na Gaillimhe (sa ghrianghraf) a rith an chúrsa agus iad feistithe ina dtrealamh anála.

8. Is cosúil go mbeidh Vhi um Chúram Sláinte ag baint croitheadh as an margadh taistil nuair a sheolfar Group Business Travel i mí na Samhna 2005. Is polasaí bliantúil árachas taistil do ghnó é Group Business Travel ó Vhi um Chúram Sláinte atá deartha go sainiúil do chomhlachtaí a mbíonn a bhfostaithe gafa go minic le taisteal de chuid an ghnó. Ardóidh an tairge seo caighdeán an mhargaidh agus ísleoidh sé praghasanna, ag tabhairt deise a fhágann go mbeidh ar chumas comhlachtaí suas le 47% a shábháil ar na praghasanna atá siad





9



11



10



12

ag íoc faoi láthair as árachas taistil gnó. Sa ghrianghraf ag an seoladh tá Tim McKeown, Ceannaire ar Diversified Business, Vhi um Chúram Sláinte, agus fear mionghnó, Jamie Slattery.

9. Bhí a chúigiú breithlá ag an ionad teagmhála de chuid Vhi um Chúram Sláinte atá lonnaithe i gCill Chainnigh i Meitheamh 2005 agus eagraíodh lón speisialta chun aitheantas a thabhairt don ocáid thábhachtach seo. Osclaíodh an t-ionad teagmhála i dtosach i Meitheamh 2000 agus bhí 24 ball foirne ann. Sa lá atá inniu ann, is é Vhi um Chúram Sláinte an tríú fostóir is mó i gCill Chainnigh, agus foireann 260 fostaí anois ag an ionad, roinnte i gcúig roinn: Éilimh, TF, Airgeadas, Seirbhísí agus Díolacháin. Faigheann an tIonad Teagmhála thart ar 1000 ríomhphost in aghaidh na seachtaine agus próiseálann sé beagnach 4.3 milliún teagmháil custaiméara (trí ríomhphost, fón agus litreacha) in aghaidh na bliana.

10. Ghríosaiigh Fondúireacht Chroí na hÉireann agus Vhi um Chúram Sláinte fostaithe de chuid Medtronic an bealach sláintiúil a thógáil i Lúnasa 2005 nuair a seoladh Slí 2 sa chomhlacht, inar forbraíodh bealach siúlóide timpeall an champais ghnó, mar aon le comharthaí a chur in airde ag tabhairt sonraí faoi na sochair atá le fáil as an staighre a úsáid in áit na n-ardaitheoirí. Ba é Medtronic an chéad chomhlacht i nGaillimh a chuir Slí 2 i bhfeidhm.

11. Bhí ceiliúradh 21 bliain ag Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas i Meitheamh 2005 nuair a bhí Lón Uachtaráin an-speisialta ann a bhí urraithe ag Vhi um Chúram Sláinte. D'fhreastail An Taoiseach Bertie Ahern, T.D. ar an lón. Sa ghriangraf ag an ocáid seo tá Vincent Sheridan, Príomhfheidhmeannach, Vhi um Chúram Sláinte; Deirdre Mooney, Uachtarán, Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas; An Taoiseach Bertie Ahern T.D.; Kevin Molloy, Stiúrthóir Bainistíochta, The Molloy Group (agus





an chéad uachtarán a bhí ag an gCumann, 1984) agus Neil Murphy, Leas-Uachtarán, Cumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas.

**12.** Tharla Rás Bóthair Shráideanna na Gaillimhe 2005 de chuid Vhi um Chúram Sláinte an 6 Lúnasa. Is é rás Shráideanna na Gaillimhe ceann de na rásaí is mó tóir air in Éirinn agus ba cheiliúradh 20 bliain ar an eachtra é seo, a reáchtáilann agus a bhainistíonn luthchleasaithe ar bhonn deonach. Ceann de na cinn ba ráthúla ná eachtra 2005, agus bhí os cionn 1,400 luthchleasaí ag iomaíocht sa rás ar mhaithe le réimse carthanachtaí atá an-tuillteanach.

**13.** In Eanáir 2006 thairg www.vhi.ie an deis do chuairteoirí ar an láithreán “A Saol a Iompú Thart”. Tharraing an tairiscint os cionn 400 iontráil, agus as an líon seo roghnaíodh trí iomaitheoir don chluiche ceannais. Fuair na hiomaitheoirí seo clár sé seachtaine pearsanta a dhear saineolaithe aclaíochta, bia, cothaithe agus oiliúint

saoil de chuid Vhi.ie chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar an réimse is mó a bhí an t-iomaitheoir ag iarraidh a athrú. Scríobh na hiarrthóirí dialann sheachtainiúil ar líne ar [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie) agus bhí sé ina ghné-alt freisin i bhForlónadh Sláinte an Irish Times i rith a gcláir sé seachtaine. Sa ghrianghraf ag an eachtra deireannach tá Declan Moran, Stiúrthóir, Margaíocht agus Forbairt Ghnó, Vhi um Chúram Sláinte, Karen Belshaw, Saineolaí Struis de chuid Vhi.ie, Phillip Phelan, Saineolaí Aclaíochta de chuid Vhi.ie, Nuala Collins, Saineolaí Cothaithe de chuid Vhi.ie agus Dermot O’Sullivan, buaiteoir iomlán an Dúshláin ‘Iompaigh do Shaol Thart’ de chuid [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie).

**14.** Tá Vhi um Chúram Sláinte i gcomhpháirtíocht le CLG chun tionscadal campa samhraidh a reáchtáil ina mbeidh oiliúint á cur ar fáil do thart ar 80,000 páiste in iománaíocht, camógaíocht agus i bpeil Ghaelach ag campaí atá a reáchtáil ag CLG gach samhradh. Beidh na campaí, a dtabharfar “Campaí Cúl an Vhi”

orthu, ar siúl i rith an tsamhraidh ón Luan go hAoine, 9.30rn go 2.30in, agus chomh maith le scileanna chluichí Gaelacha a fhoghlaim agus iad faoi oiliúint ag traenáilaithe cáilithe CLG, gheobhaidh gach páiste a bheidh rannpháirteach iomlán feisteas imeartha (geansaí, bríste agus stocaí) agus cnapsac.

**15.** D’oscail Vhi um Chúram Sláinte an chéad áis chúraim phráinnigh siúl isteach in Éirinn, Vhi SwiftCare Clinic, i mBallaly, Baile Átha Cliath 14, i Samhain 2005. Comh-thionscadal atá sa Chlinic idir Vhi um Chúram Sláinte agus The Well agus osclófar an dara Clinic Vhi SwiftCare in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2006. D’oscail an Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney T.D., an Clinic go hoifigiúil, agus tá sí sa ghrianghraf in éineacht leis an Dr Alan Forrester, Stiúrthóir Leighis, Vhi SwiftCare Clinic.

## SONRAÍ CUIDEACHTA

### **An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh** **Voluntary Health Insurance Board**

### **Baile Átha Cliath**

Teach Vhi  
Sráid na Mainistreach Íochtarach  
Baile Átha Cliath 1  
Facs: +353 01-7994091

### **Dún Laoghaire**

35/36 Sráid Sheoirse Íochtarach  
Facs: +353 01-6197456

### **Cill Chainnigh**

Páirc Ghnó an IDA  
Inse an Phuirséalaigh  
Bóthar Átha Cliath  
Facs: +353 056-7761741

### **Gaillimh**

Teach Vhi  
10 An Fhaiche Mhór  
Facs: +353 091-564307

### **Luimneach**

Teach Gardner,  
Cé Charlotte  
Facs: +353 061-310361

### **Corcaigh**

Teach Vhi,  
70 An Meal Theas  
Facs: +353 021-4277901

**Oifigí ar oscailt**

Luan – Aoine:  
9am–5pm

**Guthán**

Callsave:  
1850 444444

Línte oscailte

Luan – Aoine:

8 rn - 8 in

Satharn:

9 rn - 2 in

Láithreán gréasáin:

[www.vhi.ie](http://www.vhi.ie)

Ríomhphost:

[info@vhi.ie](mailto:info@vhi.ie)

**Príomhbhainceoirí**

AIB Bank plc  
Banc na hÉireann

**Iniúcháirí**

Deloitte & Touche

**Dlíodóirí**

McCann Fitzgerald

**Achtúirí Comhairleacha**

Watson Wyatt LLP

## NÓTAÍ